Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

# An tÚdarás Árachas Sláinte

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2022



# Ár bhFís

***"An fhís atá againn go mbeidh margadh árachas sláinte atá idir iomaíoch agus dea-rialaithe, agus an chumhacht ag tomhaltóirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh."***

# Clár na nÁbhar


**Ráiteas ón gCathaoirleach** ....2

**Comhaltaí an Údaráis** ....4

**Ráiteas na bhPríomhfheidhmeannach** ....6

**Ár bhFís Straitéiseach** ....10

**1 Rialáil árachais sláinte dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh** ....12

1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh ....13

1.2 Forbairtí Rialála in 2022 ....14

1.2.1 Scéim um Chothromú Fiontar ....14

1.3 An Margadh Árachais Sláinte Príobháideach in Éirinn in 2022 ....15

1.3.1 Méid an Mhargaidh ....15

1.3.2 Costais Éileamh Cúraim Sláinte ....16

1.3.3 Forbairtí Táirge agus praghas árachais ... sláinte ....17

**2 Comhlíonadh agus Cuntasacht a chinntiú** ....19

2.1 An Scéim um Chothromú Fiontar ....20

2.2 Measúnú Róchúitimh ....20

2.3 Cigireachtaí ....21

2.4 An Clár um Ghnóthais Sochar Sláinte ....21

2.5 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte ....21

2.6 Fógra Táirgí ....21

**3 Muinín tomhaltóirí a chothú agus tomhaltóirí a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh** ....22

3.1 Tuairimí maidir le hÁrachas Sláinte .... 23

3.2 Faisnéis do Thomhaltóirí ....24

3.3 Suíomh Gréasáin agus Uirlis Comparáide .......... Praghsanna ....24

3.4 Imeachtaí agus For-Rochtain ....24

3.4.1 Seimineáir ghréasáin ....24

3.4.2 Imeachtaí ar an láthair ....25

3.5 Na meáin agus fógraíochtg ....25

3.5.1 Fógraíocht ....25

3.5.2 Agallaimh raidió ....25

3.5.3 Na Meáin Shóisialta ....26

**4 Infheistíocht a dhéanamh in acmhainn dhigiteach chun ár gcumas a fheabhsú** ....27

4.1 Ár bPróisis a Threisiú ....28

4.1.1 Cibearshlándáil ....28

4.1.2 Obair Chumaisc/Cianobair ....28

4.1.3 Inúsáidteacht an tSuímh Gréasáin ....28

4.2 Bonn Eolais a chur faoinár Moltaí Taighde agus Beartais ....29

4.3 Cur le hIontaofacht ár gCiste um Chothromú ... Fiontar ....29

4.3.1 An Scéim um Chothromú Fiontar ....29

**5 Ár bhfoireann a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chur ar fáil** ....30

5.1 Ár nDaoine a Fhorbairt ....31

5.2 Rialachas Corparáideach ....32

5.2.1 An Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach ....32

5.2.2 Eitic in Oifigí Poiblí ....32

5.2.3 Nochtadh Cosanta ....32

5.2.4 Cearta an Duine agus Comhionannas ....32

5.2.5 Teangacha Oifigiúla ....32

5.2.6 Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte ....32

5.2.7 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais ....32

5.2.8 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca/ Iniúchadh Inmheánach ....33

5.3 Bainistíocht Riosca ....33

5.4 Ídiú Fuinnimh ....34

**Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2022** ....35

# Ráiteas ón gCathaoirleach



## Patricia Byron

***Cathaoirleach***

**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2022 an Údaráis Árachais Sláinte a chur i láthair.**

Ní mór d'aon eagraíocht ar mian léi a bheith rathúil treo straitéiseach a bheith aici atá idir soiléir agus chomhleanúnach, agus i mí Aibreáin 2022, d'fhoilsíomar ár straitéis don tréimhse 2022-2024. Tá sé cruthaithe ag an Údarás go bhfuil sé in ann margadh árachais sláinte dea-rialaithe a sheachadadh, agus tógann an straitéis seo ar a bhfuil bainte amach agus díríonn ar chumhacht a thabhairt do thomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh.

An chéad chéim a bhí le tógáil i gcur i bhfeidhm ár straitéise ár n-infreastruchtúr a neartú le bliain anuas, agus gné amháin de sin is ea ollstór sonraí nua a thógáil a bhfuil sé mar aidhm aige ar deireadh go n-éascófar aistriú sonraí ar bhonn féinseirbhíse idir eintitis rialaithe agus an tÚdarás. Ina theannta sin, tá baill foirne bhreise fostaithe againn d'fhonn feabhas a chur lenár gcumas, rud a fhágann go bhfuil riocht níos fearr orainn chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach. Tá imscrúdú déanta againn ar riachtanais na heagraíochta ar cuimsíodh leis daoine, próisis agus teicneolaíocht.

Cuireadh na feabhsuithe sin ar ár n-infreastruchtúr i bhfeidhm i gcomhthráth leis an timpeallacht sheachtrach a bheith ag athrú go tapa. Tháinig borradh ar an éileamh ar sheirbhísí sláinte de réir mar a laghdaigh éigeandáil na paindéime COVID-19, agus bhí líon na n-othar seachtrach a d'fhreastail ar an ospidéal níos airde ná líon na n-othar cónaitheach (ar treocht é sin atá á aisiompú anois agus lár na bliana 2023 sroichte againn agus srianta éilimh/soláthair san earnáil ospidéal príobháideach follasach anois). Leagann tomhaltóirí luach ard ar árachas sláinte príobháideach, agus tá líon níos mó daoine ag ceannach árachas den chéad uair, rud nach raibh mórán ag súil leis, agus go mór mór i bhfianaise an ráta ard boilscithe agus an costas ard maireachtála; leanadh leis an treocht sin in 2023.

Bhí dúshláin roimh thomhaltóirí i gcónaí agus iad ag iarraidh pleananna sláinte cost-éifeachtach agus cuí a aithint sa mhéid is go raibh orthu déileáil le hiomaíocht sa mhargadh agus le méadú ar líon na dtáirgí. Chuige sin, beidh an tÚdarás ag díriú ar thacú le tomhaltóirí i gcaitheamh na bliana 2023/2024 i bhfianaise an infreastruchtúir feabhsaithe atá anois againn.

I measc príomhghníomhaíochtaí na bliana 2022, bhí bainistiú an Chiste um Chothromú Fiontar i gcaitheamh na bliana mar aon leis na moltaí a rinneadh don Aire Sláinte maidir le creidmheasanna chothromú fiontar agus dleacht stampála. Is iad na gnéithe níos leithne dár gcúram a bheidh i lár báire dár dtreo straitéiseach trí chéile don chuid eile den bhliain 2023.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Laura Brien agus a foireann, le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an Aire Sláinte agus lena oifigigh ar fad a thug go leor tacaíochta luachmhaire dúinn agus straitéis 2022/2024 á cur chun feidhme againn.

*Patricia Byron*

# Comhaltaí an Údaráis

## Comhaltaí an Údaráis



**Patricia Byron**
*Cathaoirleach an Údaráis*



**Caroline Barlow**



**John Armstrong**



**John Evans**



**Michael A. O'Sullivan**



**Damien McShane**



**Marcella Flood**

Tá Cathaoirleach (Patricia Byron) agus seisear gnáthchomhaltaí ar an Údarás, arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Ceapadh comhaltaí an Údaráis ar feadh tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana, agus tagann siad le chéile ocht n-uaire ar a laghad in aghaidh na bliana.

Tá fochoiste amháin ag an Údarás, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tháinig Caroline Barlow i gcomharbacht ar Michael A. O'Sullivan mar Chathaoirleach an Choiste i Meán Fómhair 2022. Is iad Michael A. O'Sullivan agus Marcella Flood comhaltaí eile an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca amhail an 31 Nollaig 2022.

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



## Laura Brien

***Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin/ Cláraitheoir***

**Bhí idir athrú agus dul chun cinn i gceist don Údarás Árachas Sláinte (HIA) i 2022. Cuireadh athruithe i bhfeidhm san Údarás Árachas Sláinte (HIA) i 2022, agus rinneadh dul chun cinn. Sheolamar ár ráiteas straitéise do na blianta 2022-24, a forbraíodh le linn tréimhse éiginnteachta faoin tionchar a bheadh ag Covid-19 ar rochtain ar sheirbhísí sláinte. Leagtar amach fís shoiléir sa straitéis ina mbeidh margadh árachas sláinte atá idir iomaíoch agus dea-rialaithe, agus an chumhacht ag tomhaltóirí chun cinntí eolasacha a dhéanamh.**

Dhíríomar ar an bhfís sin agus ar ár gcúig phríomhthosaíocht straitéiseacha a sheachadadh, ag teacht lenár gcuspóir agus lenár luachanna. Tá an dul chun cinn atá déanta againn le linn na chéad bhliana den Straitéis trí bliana sin i dtreo ár gcuspóirí le feiceáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Tá líon na ndaoine a bhfuil árachas sláinte acu in Éirinn ag ardú i gcaitheamh an ama, agus leanadh leis an treocht sin le linn 2022, agus tá clúdach anois ag 2.4m duine. Is ionann an figiúr sin agus 47.6% den daonra iomlán, rud a léiríonn a thábhachtaí is atá an earnáil i gcónaí do sciar suntasach de mhuintir na hÉireann agus, dá bharr sin, ról tábhachtach an HIA maidir le rialú na hearnála.

Tugtar tús áite san eagraíocht do mhuinín an phobail agus an tionscail i ról an HIA. Leanann an tÚdarás le hiniúchadh agus cigireacht a dhéanamh ar na cuideachtaí árachais sláinte maidir lena n-oibleagáidí faoi na hAchtanna Árachais Sláinte a chomhlíonadh, go háirithe éilimh a dhéantar chuig an gCiste um Chothromú Fiontar. Agus é ag dul i méid, thart ar €800m faoi láthair, agus leis an gcastacht a bhaineann le tabhairt isteach an chiste éileamh ardchostais, tuigimid go bhfuilimid freagrach as cistí poiblí ó dhleacht stampála a íocann daoine a bhfuil árachas sláinte acu a bhainistiú. In 2022, agus muid ag féachaint lenár dtosaíocht straitéiseach, “Comhlíonadh agus cuntasacht a chinntiú trí dhea-chleachtas rialála” a chomhlíonadh, d’fhoilsigh an tÚdarás, den chéad uair, torthaí na gcigireachtaí ar leibhéal an mhargaidh, chun forbhreathnú a sholáthar ar ar tháinig chun solais agus ar na dea-chleachtais a aithníodh. Leanamar lenár ngníomhaíochtaí cigireachta in 2022, agus thugamar faoi réimse nua, is é sin oibleagáidí na ngnóthas cláraithe faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Táimid tiomanta i gcónaí torthaí ár ngníomhaíochtaí iniúchta a fhoilsiú.

Coinníonn árachóirí orthu ag déanamh mionathruithe ar shochair agus ar phraghsanna táirgí aonair, agus ag soláthar seirbhísí agus gnéithe nua, rud a fhágann gur margadh casta atá ann do thomhaltóirí. Tá breis agus 320 plean éagsúil ann, tugadh isteach 12 phlean nua don mhargadh in 2022, agus fuarthas réidh le 5 phlean.

Léiríonn aiseolas ónár suirbhé tomhaltóirí go mbíonn deacracht ag a lán tomhaltóirí a bpleananna árachais sláinte a thuiscint agus comparáid a dhéanamh idir na roghanna. Tuigeann an tÚdarás go maith ar a thábhachtaí atá sé faisnéis chruinn agus spriocdhírithe a sholáthar dóibh siúd atá uathu árachas sláinte a cheannach, agus mar atá leagtha amach againn sa Straitéis, táimid ag iarraidh teacht ar bhealaí chun rannpháirtíocht an tomhaltóra a mhéadú.

Ag teacht lenár dtosaíocht "Muinín an Tomhaltóra a Chothú agus iad a Chumhachtú chun Cinntí Eolasacha a Dhéanamh", chuireamar leis an méid faisnéise faoin margadh a fhoilsímid, agus táimd á fhoilsiú níos minice anois. San áireamh leis sin tá ár suirbhé ar thomhaltóirí a foilsíodh i mí Eanáir 2022, an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh don bhliain 2021, agus tuarascálacha ráithiúla le faisnéis faoin margadh agus faoi phleananna árachais sláinte.

Cuireann an uirlis comparáide ar chumas an tomhaltóra comparáid a dhéanamh idir tairbhí agus praghsanna gach ceann de na pleananna atá ar an margadh, agus is é an leathanach ar an láithreán gréasáin é is mó a bhfuil tóir air. Chomh maith le nuashonruithe rialta a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin maidir le hathruithe ar shonraí phleananna árachais sláinte, thug an tÚdarás a shuíomh Gréasáin chun dáta i mí Eanáir 2023 le go mbeadh sé níos éasca do dhaoine teacht ar fhaisnéis faoi phleananna, aistriú pleananna, pobalrátú saoil, clúdach a bhriseadh go sealadach nó saincheisteanna eile atá ábhartha don tomhaltóir.

> *Mar chuid dár dtiomantas ár n-acmhainn dhigiteach a fheabhsú, chuir an tÚdarás tús le tionscadal chun córas bainistíochta sonraí a chur i bhfeidhm, chun éilimh ar an gCiste um Chothromú Fiontar a bhainistiú níos fearr agus chun feabhas a chur ár gcumas anailís a dhéanamh ar shonraí margaidh agus sonraí éilimh.*

Leanadh leis an méadú ar líon na nglaonna do líne chabhrach an Údaráis in 2022, agus ar an méid úsáide atá á baint as uirlis an Údaráis chun chomparáid a dhéanamh idir pleananna. Bhain 3131 duine usáid as líne chabhrach an Údaráis chun cúnamh a fháil. Maidir le hábhar na gcumarsáidí sin, airíodh comparáidí plean, sonraí teagmhála árachóirí agus faisnéis maidir le Pobalrátú Saoil.

Léirigh gníomhaíochtaí an HIA in 2022 an téarnamh san earnáil sláinte agus sa gheilleagar araon, agus tionchair éagsúla na paindéime COVID-19 ag dul i léig. Leanadh le feidhm rannpháirtíochta le tomhaltóirí an Údaráis a leathnú in 2022. Chomh maith leis na himeachtaí ar líne a reáchtáladh, d'fhilleamar ar imeachtaí ar an láthair. Chuaigh an tÚdarás i mbun caidreamh díreach le grúpaí tomhaltóirí agus grúpaí pobail, le fostóirí agus le gníomhaireachtaí rialtais, féachaint le cabhrú leo tuiscint a fháil ar an gcaoi le dul i ngleic leis an margadh árachas sláinte, lena n-áirítear freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treafa, agus seimineáir ghréasáin a chur i láthair d'fhostaithe i roinnt eagraíochtaí.

Ag teacht lenár dtosaíocht "Ár ndaoine a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a sheachadadh", d'aistrigh an Bord, an bhainistíocht agus an fhoireann chuig timpeallacht oibre hibrideach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ardleibhéal tiomantais a léiríonn foireann uile an HIA go leanúnach agus ár dtosaíochtaí a chomhlíonadh againn le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Táimid tiomanta timpeallacht thacúil a sholáthar dár bhfoireann agus a bheith cinnte go bhfuil an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth orainn chun an ról atá againn de réir na reachtaíochta a chomhlíonadh, agus chun ár dtacaíocht do thomhaltóirí a fheabhsú go leanúnach. Agus cead faighte ag an Údarás baill foirne nua a earcú, tá tuilleadh forbartha déanta ar ár struchtúr eagraíochtúil anois le gur féidir linn feidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí chun ár ndualgais a chomhlíonadh. Tá earcaíocht gníomhach ar siúl againn faoi láthair chun a chur lenár gcumas agus lenár n-acmhainneacht.

Tá an tÚdarás freagrach as riarachán agus cothabháil an Scéim um Chothromú Fiontar ("an Ciste"), ar tacaíocht bhunriachtanach é don phobalrátú.

Mar chuid dár dtiomantas ár n-acmhainn dhigiteach a fheabhsú, chuir an tÚdarás tús le tionscadal chun córas bainistíochta sonraí a chur i bhfeidhm, chun éilimh ar an gCiste um Chothromú Fiontar a bhainistiú níos fearr agus chun feabhas a chur ár gcumas anailís a dhéanamh ar shonraí margaidh agus sonraí éilimh. I ngeall ar a chasta is atá an Ciste Éileamh Ardchostais, ní raibh sé de rogha ag an Údarás ach infheistiú a dhéanamh in 2022 le go gcuirfí lena chumas creidmheasanna ón gCiste Éileamh Ardchostais a íoc go cruinn agus go hiontaofa.

Thug an Coimisiún Eorpach faomhadh creidmheas an Chiste Éileamh Ardchostais (HCCP) a thabhairt isteach faoin Scéim um Chothromú Fiontar agus rinne sé soiléir é go raibh sé ag teacht leis na rialacha maidir le Státchabhair. Bhí na creidmheasanna nua i bhfeidhm i gcás éilimh a bhain le conarthaí a tionscnaíodh an 1 Aibreán 2022 nó ina dhiaidh sin. Phróiseáil an tÚdarás éilimh HCCP a raibh luach €2.024 milliún acu don tréimhse 1 Aibreán - 31 Nollaig 2022.

Bhí tionchar phaindéim COVID-19 le brath i gcónaí ar sheirbhísí sláinte in 2022, ach ag leibhéal níos ísle ná 2020 nó 2021. Bíodh is gur tháinig méadú ar ghníomhaíocht ospidéil i gcomparáid lena hísle a bhí sí in 2020 agus 2021, bhí sí fós níos ísle ná an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, cé gur tháinig athrú ar an bpatrún. In 2022, bhí líon na gcóireálacha lae in ospidéil ar ais ag an leibhéal a bhí ann roimh COVID, ach ní raibh líon na dtréimhsí ospidéil thar oíche ar ais ag leibhéil réamh-COVID fós.

I bhfianaise an laghdú ar éilimh a bhí ann thar an tréimhse dhá bhliain 2020-21, tá barrachas suntasach carntha sa Chiste um Chothromú Fiontar. Mhol an tÚdarás don Roinn Sláinte, dá bhrí sin, go n-úsáidfí cuid den bharrachas sin chun leibhéal na dleachta stampála a laghdú. D'fhaomh an Roinn Sláinte an laghdú sin ar dhleacht stampála agus tháinig sé i bhfeidhm i gcás conarthaí a eisíodh ón 1 Aibreán 2022 ar aghaidh. Bhí barrachas ann i gcónaí in 2022, ach ní ag an leibhéal céanna, mar go raibh éileamh ar úsáid ospidéil fós faoi bhun na leibhéil a mbeifí ag súil leo. Rinne an tÚdarás moladh an athuair don Roinn Sláinte go n-úsáidfí an barrachas seo chun cúiteamh a dhéanamh ar an ardú atá le teacht ar dhleacht stampala do chonarthaí a eiseofar le linn 2023/24.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil lenár bhfoireann as an obair chrua a rinne siad i rith bliain dhúshlánach eile. D'fhág príomhbhaill foirne agus tháinig daoine nua ina n-áit ach sheas díograis agus tiomantas na foirne leo agus iad ag déileáil leis na dúshláin sin, agus leanamar orainn ag comhlíonadh dualgais agus ag baint amach cuspóirí an Údaráis. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Sláinte as a gcúnamh i rith na bliana agus lenár bpáirtithe leasmhara ar fad as tús áite a thabhairt do mhaoirseacht rialála éifeachtach ar an earnáil árachas sláinte príobháideach agus, ar an gcaoi sin, tomhaltóirí a chumhachtú. Tá dúshláin le sárú againn i gcónaí, go háirithe an t-éileamh ar sheirbhísí sláinte, agus ról an Údaráis a leabú i gcomhthéacs na reachtaíochta nua, go háirithe tabhairt isteach an Chiste Éileamh Ardchostais (HCCP). Táim muiníneach go leanfaidh an tÚdarás le bainistiú na ndúshlán sin go héifeachtach agus go n-éireoidh leis an fhís atá againn, margadh árachas sláinte dea-rialaithe a bhaint amach ar mhaithe le leas an tomhaltóra, a chur i gcrích.


*Laura Brien*

# Ár bhFís Straitéiseach

Seoladh an plean straitéiseach seo, le haghaidh na mblianta 2022-24, i mí Aibreáin 2022 agus cuirtear san áireamh ann ról an Údaráis mar rialtóir, mar sholáthraí faisnéise do thomhaltóirí, mar chomhairleoir don Aire Sláinte, mar chaomhnóir ar an gciste um chothromú fiontar, agus mar eagraíocht inniúil, éifeachtach foghlama atá tiomanta do shárchaighdeáin rialachais.

Is straitéis uaillmhianach í seo, lena léirítear dlús i ngníomhaíochtaí in dhá phríomhréimse. Is é an chéad cheann rannpháirtíocht agus faisnéis tomhaltóirí. Teastaíonn uainn go mbeadh eolas ag custaiméirí árachais sláinte faoina roghanna sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh agus go mbeadh a gcearta ar eolas acu. Dírímid ar é a dhéanamh níos fusa do thomhaltóirí foghlaim faoi phleananna árachais sláinte agus cinntí a dhéanamh maidir leis an bplean a oirfidh dóibh. Beidh sé sin bunaithe ar ár dtaighde ar an margadh. Is é an dara ceann an tábhacht a bhaineann le ról an Údaráis i mbainistiú an Chiste um Chothromú Fiontar, agus maoirseacht ar phríomhghnéithe eile maidir le rialáil árachais sláinte. Chun muinín i ról an Údaráis a chothú agus a choimeád, cuirfimid béim níos airde ar mhaoirseacht na n-árachóirí sláinte agus ar a chinntiú go mbaineann siad leibhéil arda um chomhlíonadh a réimse leathain dualgas amach.

Forbraíodh an straitéis seo le hionchur ónár bpríomhpháirtithe leasmhara ar fud an tionscail, an rialtais, ionadaithe tomhaltóirí agus comhrialtóirí.



# 1
# Rialáil árachais sláinte dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh

# Rialáil árachais sláinte dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh

I bhfianaise a thapúla is a thagann athrú ar an teicneolaíocht, an tsochaí agus na seirbhísí sláinte, tá gá ar leith ann a chinntiú go bhfanann rialáil árachais sláinte oiriúnach don tslí ina seachadtar seirbhísí sa lá atá inniu ann, agus don chaoi a n-athraíonn beartais an rialtais. Áirítear leis sin ní amháin na príomhchodanna de pholasaí árachais sláinte ach, anuas air sin, an ról a d'fhéadfadh a bheith ag rialáil na hearnála árachais sláinte chun tacú le spriocanna beartais níos leithne an rialtais, lena n-áirítear a Spriocanna Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais. Déanann an tÚdarás measúnú leanúnach ar thimpeallacht an mhargaidh agus sainaithníonn sé athruithe riachtanacha ar rialacháin ionas go mbeidh an Scéim um Chothromú Fiontar oiriúnach don fheidhm i gcónaí agus go soláthrófar léi na príomhchuspóirí beartais maidir le pobalrátú, clúdach saoil, rollú oscailte agus íos-sochair.

## 1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála árachas sláinte príobháideach na hÉireann bunaithe ar phrionsabail mhóra na pobalrátála, clárú oscailte, clúdach saoil agus sochair íosta. Tá sé mar aidhm leis a áirithiú nach gcosnóidh árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh siúd a bhfuil an gá is mó acu. Níl an córas maoinithe, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon chiste carntha le linn shaolré an duine árachaithe chun a gcostas éilimh a bhfuiltear ag súil leis a chlúdach. Ina áit sin, déanann gach árachóir an t-airgead a thugann daoine árachaithe a chomhthiomsú agus tógtar costas na n-éileamh in aon bhliain ar leith ó na linnte.

Ciallaíonn pobalrátú nach ndéanann an leibhéal fiontair a bhaineann le tomhaltóir áirithe d'árachóir aon difear don phréimh a íoctar. Gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine as plean áirithe, beag beann ar aois, inscne agus staid reatha a sláinte nó staid dóchúil a sláinte sa todhchaí, faoi réir eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, lascainí do bhaill de scéimghrúpaí, daoine fásta óga agus ualaithe pobalrátaithe saoil.

*Ciallaíonn rollú oscailte agus clúdach saoil, ach amháin in imthosca an-teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, go gcaithfidh árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte.*

Ciallaíonn rollú oscailte agus clúdach saoil, ach amháin in imthosca an-teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, go gcaithfidh árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte agus ráthaítear go bhfuil sé de cheart ag gach tomhaltóir a gcuid beartas a athnuachan beag beann ar a n-aois nó ar a stádas sláinte.

Faoi na Rialacháin um Shochair Íosta, ní mór go soláthraítear le gach táirge árachais a sholáthraíonn clúdach do chóireáil ospidéil d'othair chónaithe íosleibhéal áirithe sochar a sholáthar. Meastar go bhfuil sé riachtanach an t-íosleibhéal sochar a rialáil mar gheall ar nádúr casta agus speisialaithe táirgí árachais sláinte phríobháidí agus, mura mbeadh rialáil ann, d'fhéadfaí táirgí á soláthar do thomhaltóirí nach soláthraíonn leibhéal cumhdaigh sách cuimsitheach.

Is éard atá i pobalrátú saoil ná córas trína n-ardaíonn an phréimh a íocann daoine as árachas sláinte leis an aois ina dtéann siad isteach sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh, ach ní athraíonn sé maidir lena n-aois reatha. Tugadh Pobalrátú Saoil isteach i margadh árachais sláinte príobháideach na hÉireann ar an 1 Bealtaine 2015 agus leasuithe ann in 2018. Tá lódálacha i bhfeidhm dóibh siúd atá níos sine ná 34 bliain d'aois a thógann árachas sláinte príobháideach d'othair chónaitheacha amach den chéad uair tar éis 30 Aibreán 2015. Mar sin féin, sonraítear sa reachtaíocht na cúinsí faoina bhféadfadh duine creidiúint do thréimhsí a fháil a d'fhéadfadh an lódáil atá á chur i bhfeidhm a laghdú nó a bhaint as.

## 1.2 Forbairtí Rialála in 2022

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2022 i mí na Nollag 2022. Leasaigh sé an tAcht Árachais Sláinte 1994 mar seo a leanas:

- Chun méid na bpréimheanna atá le híoc ón gCiste um Chothromú Fiontar i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2023 a shonrú;
- Leasú a dhéanamh, mar thoradh air sin, ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999;
- Lámhaltas a dhéanamh don deireadh a d'fhéadfadh a theacht ar an bhfaomhadh atá ann faoi láthair don Scéim um Chothromú Fiontar faoi dhlíthe an AE maidir le Státchabhair;
- Cumhachtaí forfheidhmithe an Údaráis a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú; agus
- Chun soláthar a dhéanamh i leith ábhar gaolmhar.

### *1.2.1 Scéim um Chothromú Fiontar*

Is éard is creidmheas um chothromú fiontar ann ná íocaíocht le hárachóirí sláinte a dhéantar as an gCiste um Chothromú Fiontar (CCR). Déantar na híocaíochtaí sin chun tacú le pobalrátú, ar córas é a chiallaíonn go gcaithfidh cuideachtaí árachais sláinte an ráta céanna a ghearradh ar leibhéal áirithe clúdaigh beag beann ar thosca amhail aois. Is tobhach é an tobhach pobalrátaithe ar árachóirí a íoctar leis an gCiste um Chothromú Fiontar.

Rinneadh an Scéim um Chothromú Fiontar a athnuachan in 2020 agus ba ghá, mar sin, an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas le haghaidh a breithnithe faoi na rialacháin maidir le Státchabhair. I bhfianaise phaindéim Covid-19, chinn an Roinn Sláinte an scéim atá ann a leathnú go dtí an 31 Márta 2022, rud nár chuir an Coimisiún Eorpach ina aghaidh.

Chuir Rialtas na hÉireann an Coimisiún Eorpach ar an eolas ag tús na bliana 2022 faoi na hathruithe seo a leanas don Scéim um Chothromú Fiontar -

(i) 'Ciste éileamh ardchostais' a thabhairt isteach, trína n-aisíocfar farasbarr na n-éileamh os cionn €50,000 ag 40%, agus trínar leanfar ar aghaidh ag aisíoc gach éileamh eile bunaithe ar aois an duine árachaithe agus ar líon na laethanta/oícheanta a chaitear in ospidéal;

(ii) an brabús a dhéanann glantairbhí na scéime ar dhíolacháin a mhéadú ó 4.4% go 6% ar bhonn díolacháin seirbhísí árachais sláinte phríobháidigh; agus

(iii) an scéim a fhadú go dtí an 31 Márta 2027.

Rinne an Coimisiún measúnú ar na hathruithe molta féachaint an raibh siad comhlíontach le rialacha an AE maidir le Státchabhair, agus go háirithe le creat an AE maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an scéim fós ag teacht le rialacha an AE maidir le Státchabhair tar éis na n-athruithe sin. Thug an Coimisiún faomhadh, mar sin, do na hathruithe agus d'fhadú na scéime faoi rialacha an AE maidir le Státchabhair, agus cuireadh na hathruithe i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Aibreán 2022.



**321 plean**



**47.6%**


Bhí árachas sláinte príobháideach ag 47.6% den daonra i mí na Nollag 2022

## 1.3 An Margadh Árachais Sláinte Príobháideach in Éirinn in 2022

Chun rialáil éifeachtach a chur i gcrích, bainfidh an tÚdarás leas as a cheannaireacht smaointeoireachta ar an earnáil árachais sláinte, bunaithe ar a ghníomhaíochtaí taighde agus ar mhonatóireacht ar mhargadh an árachais sláinte agus ar earnálacha gaolmhara in Éirinn. Lenár sonraí ar phraghsanna, ar chustaiméirí, ar phleananna, ar éilimh a íocann árachóirí sláinte agus ar fhaid fanachta othair in ospidéil soláthraítear léargas iontach ar an margadh, chun eolas a thabhairt do thomhaltóirí faoi na roghanna atá ar fáil dóibh, chomh maith le cuidiú leis an Údarás tuiscint a fháil ar conas a idirghníomhaíonn tomhaltóirí leis an margadh. Cuirfidh an tuiscint sin ar ár gcumas a aithint cad iad na rialacháin is gá a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh atá ag athrú.


### *1.3.1 Méid an Mhargaidh*

Tá an clúdach árachas sláinte ag fás i gcónaí. Cé nár shroich sé na leibhéil a chonacthas roimh 2008 go fóill, bhí árachas sláinte ag 2.44 milliún duine (lena n-áirítear leanaí) ag deireadh 2022, arb ionann é sin agus 47.6% den daonra iomlán. Tháinig ardú 79,553 duine ar líon na ndaoine a raibh árachas sláinte acu i gcomparáid le deireadh na bliana 2021, arb ionann é sin agus ardú 3%.




*Fíor 1 : Meánchéatadán bliantúil den daonra atá árachaithe.*


Thóg níos mó ban (51%) árachas sláinte amach i gcomparáid le fir (49%) ach ní raibh mórán eatarthu. Is san aoisghrúpa 60-74 is mó a fheictear an difear sin. San aoisghrúpa os cionn 85 bliain d'aois, áfach, tá níos mó fir ná mná.




*Fíor 2: Dul i bhfód ar an margadh de réir aoise.*

Tá meán-aois an daonra ag méadú agus tá céatadán an daonra sna cohóirt aoise is sine ag méadú go seasta. Tá éileamh méadaithe ar chúram sláinte mar thoradh air seo. Tá an-éagsúlacht de réir aoise i gcéatadán an daonra a bhfuil árachas sláinte acu. Tá na comhréireanna sna haoisghrúpaí is sine ag ardú níos tapúla ná an meán, bíodh is gur tháinig maolú air sin in 2022. Tháinig méadú 0.5% in aghaidh na bliana tagtha ar an gcéatadán den daonra árachaithe os cionn 60 bliain d'aois ó 2009 agus ba ionann é agus 23% ag deireadh 2022.


Ag deireadh na bliana 2022, bhí trí Ghnóthas Ballraíochta Oscailte ag feidhmiú sa mhargadh (Vhi Healthcare, Laya Healthcare agus Irish Life Health). I mí na Nollag 2022, ba ionann sciar margaidh Vhi Healthcare agus 48.4%. Bhí sciar den mhargadh 27.6% ag Laya Healthcare agus 20.5% ag Irish Life Health. Maidir le Gnóthais Ballraíochta Srianta (RMUanna), 3.5% den mhargadh atá acu le chéile. Tá an ráta ag a bhfuil sciar Vhi Healthcare den mhargadh ag titim íslithe go mór i gcomparáid le roinnt blianta ó shin; bhí sciar 95% den mhargadh acu i lár na 1990idí sular osclaíodh an margadh don iomaíocht.




*Fíor 3: Sciar na n-árachóirí den mhargadh.*

Tá difríochtaí móra idir sciartha den mhargadh de réir aoiseanna an duine árachaithe. Mar shampla, ag deireadh 2022, sholáthair Vhi Healthcare árachas do 50% den mhargadh, gan gnóthais shrianta san áireamh, agus sholáthair sé árachas do 54% do dhaoine idir 70 agus 79 bliain d'aois, i gcomparáid le 72% ag deireadh 2014.

### 1.3.2 Costais Éileamh Cúraim Sláinte




*Fíor 4: Ioncam préimhe iomlán i gcomparáid le héilimh iomlána a d'íoc árachóirí sláinte, 2022.*

1 Is idirghabhálaí árachais é Laya Healthcare Ltd a dhíolann polasaithe árachais sláinte arna fhrithghealladh ag Elips Insurance Limited, ar gnóthas é atá cláraithe leis an Údarás. Níl Laya Healthcare Ltd rialáilte ag an Údarás ach tá sé á rialú ag Banc Ceannais na hÉireann.

Tá laghdú beag tagtha ar ioncam iomlán préimhe i gcomparáid le 12 ó shin agus €2.93 billiún atá ann anois. Cé go bhfuil sé fós níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, tá sé laghdaithe de bheagán ó 2021. Bhí líon fachtóirí i gceist leis an titim sin agus san áireamh leo bhí laghdú praghais a chuir dhá árachóir i bhfeidhm mar aon le haisíocaíochtaí le custaiméirí.

Bhí méadú 16.5% ar líon iomlán na n-éileamh a íocadh in 2022 i gcomparáid le 2021. Bhí an méid iomlán a íocadh le hárachóirí in 2022 chun éilimh a shocrú níos airde ná sin a bhí ann roimh an bpaindéim in 2019, an chéad uair a tharla sé sin ó d'imir COVID-19 tionchar ar éilimh ar árachas sláinte. Sháraigh iomlán na n-éileamh a d'íoc árachóirí in 2022 na héilimh a íocadh in 2019 roimh an bpaindéim (€2,25 billiún) don chéad uair ó chuaigh COVID-19 i bhfeidhm ar éilimh ar árachas sláinte.

In 2022, bhain formhór na n-éileamh le cóireálacha leighis in ospidéil phríobháideacha (46%). Tá líon na n-éileamh ar chóireálacha leighis sna catagóirí othar seachtrach/dochtúir teaghlaigh/eile ag ardú ó bhliain go bliain agus tá siad ardaithe 54% ó 2019. Ag an am céanna tháining ardú beag ar líon na n-éileamh ar ospidéil phoiblí i gcomparáid le 2021, ach tá siad fós 11% níos ísle ná mar a bhí in 2019.


| Milliún € | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | % Athrú 2021-22 | % Athrú 2020-22 | % Athrú 2019-22 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Poiblí | 418 (17%) | 310 (15%) | 397 (21%) | 471 (21%) | 35% | 5% | -11% |
| Ospidéal Príobháideach | 1146 (46%) | 1072 (50%) | 851 (45%) | 1070 (48%) | 7% | 35% | 7% |
| Comhairleach | 478 (19%) | 416 (20%) | 355 (19%) | 428 (19%) | 15% | 35% | 12% |
| Eile (táillí othar seachtrach/dochtúra teaghlaigh) | 430 (17%) | 324 (15%) | 271 (15%) | 279 (12%) | 33% | 59% | 54% |
| Iomlán | 2472 | 2122 | 1876 | 2248 | 16% | 32% | 10% |

*Tábla 1 : Miondealú ar na héilimh a íocadh.*

### 1.3.3 Forbairtí Táirge agus praghas árachais sláinte

Bhí 327 plean gníomhach d'othair chónaithe amhail an 1 Eanáir 2023. Fuarthas réidh le 5 phlean in 2022 agus tugadh isteach 12 phlean nua don mhargadh. Bhí pleananna ardleibhéil ag 93% de na custaiméirí. Tháinig laghdú ar líon na ndaoine nach bhfuil pleananna ardleibhéil acu ón mbliain seo caite (8%) agus 7% atá ann anois.

Tá 50% dóibh siúd a bhfuil árachas sláinte acu ar cheann amháin de 27 bplean. Mar sin, ceann de líon beag pleananna atá ag sciar mór de na custaiméirí, bíodh is go bhfuil 327 plean ar an margadh.



Tá 750,000 duine ar cheann de 5 phlean na dtrí árachóir is mó a bhfuil tóir orthu. Is ionann é sin agus 32% den daonra a bhfuil árachas sláinte acu. Agus comparáid á déanamh againn idir praghsanna amhail an 1 Eanáir 2022 agus an 1 Eanáir 2023, mhéadaigh Irish Life Health praghsanna do dhaoine fásta i gcás gach ceann dá 5 phlean is mó a bhfuil tóir orthu, níor athraigh Laya Healthcare praghsanna na 5 phlean is mó a bhfuil tóir orthu agus laghdaigh Vhi Healthcare praghsanna 4 phlean as na 5 phlean is mó a bhfuil tóir acu.

Tá laghdú tagtha ar chostas árachais sláinte i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Amhail an 1 Eanáir 2023 ba é €1,448, ar an meán, an phréimh a d'íoc daoine fásta, arb ionann é sin agus laghdú 1.2% ar an mbliain roimhe sin. Tá an figiúr seo bunaithe ar phraghsanna amhail an 1 Eanáir 2023 agus ar na táirgí a bhí acu siúd a raibh árachas acu ar an dáta sin. Is é is cúis leis an athrú sin méaduithe praghais, athruithe ar an daonra agus roghanna táirgí.

> *Tá laghdú tagtha ar chostas árachais sláinte i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Amhail an 1 Eanáir 2023 ba é €1,448, ar an meán, an phréimh a d'íoc daoine fásta, arb ionann é sin agus laghdú 1.2% ar an mbliain roimhe sin.*

Seo a leanas roinnt gnéithe suntasacha den mhargadh:

- Tá siad siúd atá níos sine ná 65 bliain d'aois ag íoc 44% níos mó, ar an meán, ar árachas sláinte.
- Bhí polasaithe ag 10% acu siúd a bhfuil árachas acu nár chlúdaigh gach ospidéal poiblí. Tá na polasaithe sin i measc na bpolasaithe níos saoire atá ar fáil ach níl siad baileach mar a chéile.
- Tá méadú tagtha le roinnt blianta anuas ar an éileamh atá ar phleananna ina bhfuil srian ar roinnt sochair ardphróifíle ortaipéideacha/oftalmacha (ní aisíocfaidh an t-árachóir costas iomlán an ghnáthaimh). Leanadh den treocht sin in 2022 agus bhí plean lena raibh clúdach ortaipéideach srianta ag 64% de na daoine a bhfuil árachas sláinte acu. Baineann préimheanna níos ísle de ghnáth leis na pleananna sin ná na cinn nach bhfuil srianta leo agus tá tóir orthu i measc daoine faoi 65 bliain d'aois (tá sochair ortaipéideacha srianta ag 70%).
- Tháinig méadú bliain i ndiaidh bliana ar líon na ndaoine a íocann ualú Pobalrátaithe Saoil (LCR). Tá díreach os cionn 92,000 (4%) duine a bhfuil árachas sláinte acu ag íoc ualú ar a bpréimh árachais sláinte faoi láthair. Tá tromlach na ndaoine a íocann lódálacha LCR san aoisghrúpa 40-49 (49%).

# 2

# Comhlíonadh agus Cuntasacht a chinntiú

# Comhlíonadh agus Cuntasacht a chinntiú

Tugtar tús áite san eagraíocht do mhuinín an phobail agus an tionscail i ról an Údaráis. Ceann de na bealaí ina gcothaíonn an tÚdarás muinín an phobail is ea a chinntiú go gcomhlíonann na hárachóirí a gcuid oibleagáidí faoin Acht Árachais Sláinte. Áirítear leis sin an Scéim um Chothromú Fiontar a bhainistiú, íocaíochtaí faoin gCiste um Chothromú Fiontar a phróiseáil chomh maith le comhlíonadh gnéithe eile den reachtaíocht um árachas sláinte. Áirítear le gníomhaíochtaí um chomhlíonadh an Údaráis freisin measúnú ar cé acu an mbíonn nó nach mbíonn róchúiteamh don ghlantairbhí mar thoradh ar an gCiste um Chothromú Fiontar.

## 2.1 An Scéim um Chothromú Fiontar

Is próiseas é cothromú fiontair a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí i gcostais éilimh árachóirí a thagann chun cinn mar gheall ar éagsúlachtaí i stádas sláinte a gcuid ball. Is éard atá i gceist le cothromú fiontair íocaíochtaí le hárachóirí nó uathu a bhaineann le próifíl fiontair a mballraíochta.

Tá dhá phríomhfheidhm ag an Údarás faoin gCiste um Chothromú Fiontar. Déanann sé moltaí don Aire gach bliain maidir le leibhéal na gcreidmheasanna iníoctha faoin scéim, mar aon le tobhaigh phobalrátaithe ghaolmhara. Déanann sé bainistíocht freisin ar an gCiste um Chothromú Fiontar (“REF”), faigheann sé éilimh ó árachóirí agus déanann sé íocaíochtaí ón gCiste.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na Scéime um Chothromú Fiontar:

- Creidmheasanna um Chothromú Fiontar (REPC) atá iníoctha i leith préimheanna a dtagann athrú orthu ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chlúdaigh.
- Tá Creidmheasanna um Chothromú Fiontar iníoctha freisin i ndáil le hÉilimh Ospidéil (HUC). Go sonrach, tá méid seasta iníoctha ón REF as gach seal thar oíche agus cás lae a chaitheann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh nó in ospidéal maoinithe go poiblí ina bhfuil muirear iníoctha faoi Alt 55 den Acht Sláinte 1970 as seal den sórt sin
- Tugadh Creidmheasanna Éileamh Ardchostais isteach in 2022 nuair a tugadh isteach an Ciste Éileamh Ardchostais (HCCP). Is é atá i gceist leis sin árachóirí a chúiteamh go díreach as costais éileamh aonair atá i bhfad níos airde ná meánchostas an mhargaidh. Is é aidhm na scéime nua díriú ar éilimh ardchostas nach ndéantar ach go hannamh. Tá leibhéal an “Tairseach um Éilimh Ardchostais” socraithe ag €50,000 agus an “Leibhéal Cuóta Ardchostais” ag 40%.

Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste um Chothromú Fiontar (“REF”) a riar agus a chothabháil, rud a bunaíodh in 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012. Cuireann na hárachóirí cláraithe éilimh agus tuairisceáin chreidmheasa um chothromú fiontar faoi bhráid an Údaráis. Déanann an tÚdarás na héilimh sin a bhailíochtú agus déanann sé na héilimh iníoctha a chinneadh. Nuair a bhíonn an tÚdarás sásta go bhfuil na creidmheasanna um chothromú fiontar a éilítear dlite i gceart do ghnóthas, socraíonn an tÚdarás íocaíocht den mhéid dlite ón REF. Rinneadh íocaíochtaí maidir le Creidmheasanna um Chothromú Fiontar arb ionann iad agus €778 milliún in 2022 (lena n-áirítear €260k in íocaíochtaí HCCP). Ba ionann an Dleacht Stampála a íocadh isteach sa chiste in 2022 agus €801 milliún.

## 2.2 Measúnú Róchúitimh

Ceanglaítear ar an Údarás freisin a mheas an ndéanann an Scéim um Chothromú Fiontar róchúiteamh ar aon árachóir. Gach bliain, déanann an tÚdarás measúnú ar an ndearnadh aon árachóir a róchúiteamh faoin scéim um chothromú fiontar, rud a chuireann ar a gcumas níos mó ná brabús réasúnta a thuilleamh. Tá an measúnú maidir le cé acu an bhfuil róchúiteamh mar thoradh ar an Scéim um Chothromú Fiontar 2016 - 2020 bunaithe ar cé acu an sáraíonn Toradh glan ar Dhíolacháin tairbhí comhlán d’atharachas agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta a áireamh 4.4% in aghaidh na bliana, arna ríomh ar bhonn rollach trí bliana. Má chinneann an tÚdarás faoi na hAchtanna Árachais Sláinte go ndearnadh róchúiteamh ar árachóir (atá mar thairbhí glan den scéim um chothromú fiontar), ní mór don Údarás dréacht-tuarascáil a eisiúint chuig an árachóir. Ina dhiaidh sin cuirfidh an tÚdarás aon aighneachtaí a fuarthas ón árachóir sin san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh críochnaitheach maidir le róchúiteamh, a chuirfear ar fáil don Aire Sláinte. Ní mór d’árachóir cúitíodh méid an róchúitimh a aisíoc leis an REF.

Don tréimhse 2018 go 2020, an dá bhliain sin san áireamh, rinne an tÚdarás meastóireacht agus anailís ar an bhfaisnéis a chuir na trí rannpháirtí sa Chiste um Chothromú Fiontar ar fáil dó agus rinne sé cinneadh nach raibh an glantairbhí róchúitithe mar thoradh ar an scéim um chothromú fiontar.

Leasaíodh na hAchtanna Árachais Sláinte chun an t-uastoradh incheadaithe ar bhrabús díolacháin thairbhithe na Scéime um Chothromú Fiontar a athrú go 4.9% don tréimhse trí bliana 2020 go 2022, 5.4% do 2021 go 2023 agus 6% do thréimhsí trí bliana ina dhiaidh sin. Rinne an tAire Rialacháin freisin in 2022 maidir le hullmhú ráiteas airgeadais ag gnóthais chláraithe chun críocha an mheasúnaithe ar róchúiteamh.

> *Ar bhonn bliantúil, déanann an tÚdarás iniúchadh ar gach ceann de na gnóthais chláraithe chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacháin an REF.*

## 2.3 Cigireachtaí

Ar bhonn bliantúil, déanann an tÚdarás iniúchadh ar gach ceann de na gnóthais chláraithe chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacháin an REF. Is é is cuspóir leis an gcigireacht sin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an mhargaidh maidir le forálacha na Rialachán sin agus tuairiscíonn an tÚdarás aon réimsí um neamhchomhlíonadh agus sonraíonn sé na torthaí agus na bearta molta ba cheart don mhargadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh den sórt sin.

Léirítear leis na cigireachtaí sin freisin an tábhacht a bhaineann le slándáil agus riarachán éifeachtach an Chiste um Chothromú Fiontar (an “Ciste”), rud a chinntíonn go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le fíorú agus íocaíocht éileamh faoin gCiste um Chothromú Fiontar.

## 2.4 An Clár um Ghnóthais Sochar Sláinte

Tá dhá chineál gnóthas árachais sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte iad Gnóthais Bhallraíochta Oscailte a chaithfidh glacadh le gach custaiméir ar mian leo árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar a shonraítear sa reachtaíocht). Scéimeanna gairme den chuid is mó atá i nGnóthais Bhallraíochta Srianta, a bhfuil a mballraíocht teoranta acu d’fhostaithe eagraíochtaí áirithe. Tá cosc ar Ghnóthas Ballraíochta Srianta nua a bhunú.

Ceanglaítear ar aon árachóir sláinte a reáchtálann gnó árachais sláinte in Éirinn clárú leis an Údarás agus deimhniú a fháil uaidh, ar bhonn bliantúil. In 2022, chláraigh 11 árachóir leis an Údarás ar Gnóthais Bhallraíochta Srianta 7 gcinn acu.

## 2.5 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a chothabháil. Deirtear in Alt 7AC den Acht Árachais Sláinte 1994 go mbeidh an Clár i cibé foirme agus go mbeidh cibé sonraí ann a bhaineann le haon chineál conartha árachais sláinte atá á thairiscint sa Stát a d’fhéadfadh a bheith sonraithe ag an Údarás. Tá a bhfuil sa Chlár ar fáil lena iniúchadh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag: https://www.hia.ie/regulations/register-of-health-insurance-contracts nó in oifigí an Údaráis.

## 2.6 Fógra Táirgí

Ceanglaítear ar ghnóthais chláraithe samplaí de gach conradh nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis, tráth nach déanaí ná 30 lá sula dtairgtear táirge den sórt sin ar dtús, lena áirithiú nach bhfuil siad contrártha leis na hAchtanna Árachais Sláinte.

Coinneoidh gnóthas gach tairiscint ar feadh 60 lá ar a laghad ar na téarmaí agus coinníollacha céanna, agus ní mór an táirge a thairiscint ar feadh tréimhse 12 mhí mura bhfuil cúis mhaith leordhóthanach ann le téarma eile.

# 3
# Muinín tomhaltóirí a chothú agus tomhaltóirí a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh

# Muinín tomhaltóirí a chothú agus tomhaltóirí a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh

D’fhéadfadh sé a bheith ina ábhar casta árachas sláinte a cheannach, agus an líon mór táirgí atá ar fáil agus castacht na roghanna éagsúla á gcur san áireamh. Is gá go mbeadh a fhios ag custaiméirí cad iad na táirgí atá ar fáil agus bealach simplí a bheith ann chun iad a chur i gcomparáid le go mbeidh siad in ann a bheith muiníneach go bhfuil an táirge ceart á fháil acu ar an bpraghas ceart,

Tá dualgas ar an Údarás faoin reachtaíocht an pobal a chur ar an eolas faoi na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh agus faoina gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte. Tá aidhm straitéiseach ag an Údarás tomhaltóirí a chumhachtú chun na cinntí cearta a dhéanamh maidir le hárachas sláinte, agus bealach tábhachtach amháin chun déanamh amhlaidh is ea faisnéis atá idir chuimsitheach agus chruinn a sholáthar don phobal.

Úsáideann an tÚdarás an t-eolas agus an tuiscint atá aige ar an margadh árachais sláinte lena fháil amach conas a idirghníomhaíonn tomhaltóirí leis an margadh, cad iad na bacainní atá ann maidir le comparáid a dhéanamh idir táirgí agus maidir le soláthraithe a athrú. Léirítear le haiseolas ó thaighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go raibh leibhéil shuntasacha mearbhaill ar chustaiméirí maidir le táirgí árachais sláinte, cad is brí le sochair éagsúla agus conas comparáid a dhéanamh idir táirgí árachais sláinte éagsúla.

Tá raon straitéisí rannpháirtíochta in úsáid ag an Údarás, lena n-áirítear feachtais chumarsáide, taighde tomhaltóra agus teagmháil dhíreach le tomhaltóirí agus grúpaí geallsealbhóirí.

## 3.1 Tuairimí maidir le hÁrachas Sláinte

Rinne Kantar Millward Brown an suirbhé thar ceann an Údaráis in 2021 ag féachaint ar shonraí an éilimh ar árachas sláinte in Éirinn agus ar dhearcthaí agus ar thuairimí an phobail ina leith.

I measc na bpríomhthorthaí ón suirbhé tá:

- Meastar go bhfuil árachas sláinte ina riachtanas, agus ní ina shó.
- Is í an phríomhchúis gur cheart go mbeadh árachas sláinte agat an easpa rochtana ar sheirbhísí poiblí, liostaí fada feithimh, agus na costais ghaolmhara ar chóireáil agus ar lóistín.
- Is é 18 mbliana meánlíon na mblianta chun polasaí a bheith agat, agus is é 13 bliana meánlíon na mblianta leis an soláthraí árachais sláinte reatha.
- Choinnigh os cionn leath (56%) a leibhéal clúdaigh mar an gcéanna le dhá bhliain anuas, agus tá sé beartaithe acu cloí leis sin don bhliain amach romhainn. Tá sé seo le sonrú go háirithe i measc daoine atá 55+.

**Sástacht le hárachas sláinte:**

- Ba iad na daoine ag a raibh árachas sláinte ba lú sásta leis an leibhéal clúdaigh othar seachtrach/neamh-ospidéil ar a bplean, agus leis an laghdú ar leibhéal an chlúdaigh. Mhothaigh beagnach leath acu nach raibh údar le méaduithe ar phréimheanna.
- Ba iad daoine a raibh árachas sláinte acu ba mhó sásta leis an tseirbhís do chustaiméirí a fuair siad óna n-árachóir sláinte.

**Athrú:**

- Níor athraigh an tromlach (61%) soláthraithe árachais sláinte riamh.
- Ina measc siúd a d’athraigh a soláthraí, seasann ceisteanna costais amach, agus luaigh 56% de na haistritheoirí daoine a rinne athrú praghas mar chúis.
- Ar an meán, bheadh coigilteas 30% ag teastáil chun tomhaltóirí a spreagadh chun smaoineamh ar athrú.
- Áiríodh ar na cúiseanna nár athraigh daoine a soláthraí, deacracht le hathrú a dhéanamh, an iomarca dua, ródheacair pleananna a chur i gcomparáid lena chéile, ní dhéanfaí go leor coigiltis, agus a bheith sásta lena soláthraí reatha.

**Cúiseanna nach raibh árachas sláinte ag daoine:**

- Deir díreach os cionn triúr as gach deichniúr go raibh árachas sláinte acu roimhe seo, agus ba é deich mbliana an mheántréimhse.
- Is iad cúrsaí praghais an bac ba mhó.
- Tá athruithe ar stádas fostaíochta le sonrú freisin, chomh maith leis an dearcadh nár léirigh sé luach ar airgead.
- Ina measc iad siúd gan árachas sláinte, admhaíonn 46% gur riachtanas agus ní só é árachas sláinte. Tugann sé sin le tuiscint, dá mbeadh sé ar a n-acmhainn é, go mbeadh sé acu.
- Deir 50% nach spreagfaidh Pobalrátú Saoil iad chun árachas sláinte a fháil agus níor chuala 60% faoi.

*Oibríonn an tÚdarás seirbhís faisnéise do thomhaltóirí ar an teileafón agus ar ríomhphost. Freagraíonn sí ceisteanna ó thomhaltóirí maidir le hárachas sláinte agus cuireann sí cúnamh ar fáil chun díospóidí le hárachóirí a réiteach.*

## 3.2 Faisnéis do Thomhaltóirí Seirbhís Fóin agus Ríomhphoist

Oibríonn an tÚdarás seirbhís faisnéise do thomhaltóirí ar an teileafón agus ar ríomhphost. Freagraíonn sí ceisteanna ó thomhaltóirí maidir le hárachas sláinte agus cuireann sí cúnamh ar fáil chun díospóidí le hárachóirí a réiteach.

In 2022 fuair an tÚdarás 3131 fiosrú agus gearán ó bhaill den phobal.

Ba é an cheist is minice ná iarratas ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte (72% de theagmhálacha iomlána leis an Údarás).

I measc na bhfiosrúchán eile a cuireadh faoi bhráid an Údaráis bhí:

- Ag bogadh go dtí an tír seo, nó an tír a fhágáil
- Pobalrátú Saoil
- Ceisteanna a bhaineann le tréimhsí feithimh
- Cearta maidir le harachóirí a athrú

## 3.3 Suíomh Gréasáin agus Uirlis Comparáide Praghsanna

Soláthraíonn láithreán gréasáin an Údaráis Árachais Sláinte (www.hia.ie) raon d'fhaisnéis neamhspleách do thomhaltóirí ar shaincheisteanna árachais sláinte a thabharfaidh freagra ar a gcuid ceisteanna go léir agus a thabharfaidh an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun an cinneadh is fearr a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlach.

Cuireann uirlis chuimsitheach an Údaráis um chomparáid phleananna, atá inrochtana ar a láithreán gréasáin, ar chumas tomhaltóirí na pleananna is oiriúnaí dá gcúinsí a roghnú agus sochair agus praghsanna pleananna a chur i gcomparáid taobh le taobh. Soláthraíonn an uirlis um chomparáid sonraí faoi gach plean atá ar an margadh, rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí pleananna a chur i gcomparáid lena chéile ar bhonn praghais, leibhéal an chumhdaigh, barrachais agus raon sochar eile. Is féidir le tomhaltóirí suas le ceithre phlean a chur i gcomparáid lena chéile ag céim ar bith, agus is féidir leo an láithreán gréasáin a bhrabhsáil ar ghléasanna iomadúla, lena n-áirítear fón, ríomhaire glúine, nó ríomhaire deisce.

In 2022, bhí beagnach 199,000 úsáideoir uathúil ag ár suíomh Gréasáin. Tháinig 25% de na cuairteanna ó úsáideoirí a tháinig ar ais, toisc go bhfilleann úsáideoirí chun an uirlis chomparáide a úsáid nuair a bhíonn a bpolasaí réidh lena athnuachan. Thug 40.5% de na cuairteoirí ar an suíomh gréasáin cuairt ar leathanaigh na huirlise comparáide agus ba iad *tréimhsí feithimh, plean a roghnú, ceisteanna coitianta, agus pobalrátú saoil na leathanaigh faisnéise tomhaltóra ba mhó éileamh.* Chaith tomhaltóirí 4:08 nóiméad ar an meán ar ár láithreán.

## 3.4 Imeachtaí agus For-Rochtain

### *3.4.1 Seimineáir ghréasáin*

Leanamar orainn ag seachadadh sraith seimineár gréasáin in ionaid oibre, do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí eile. Soláthraíodh deis dúinn sna seimineáir gréasáin dul i dteagmháil leo siúd a bhféadfadh sé nach raibh eolas acu faoi na seirbhísí a sholáthraíonn an tÚdarás nó faoina gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte. Chuamar i dteagmháil le Bantracht na Tuaithe, Cumann Múinteoirí Éireann (INTO), an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), Banc na hÉireann i measc go leor eile. Thug na seimineáir ghréasáin deis dúinn tús eolais cuimsitheach maidir le hárachas sláinte a thabhairt do bhaill foirne laistigh d'eagraíocht agus ceisteanna a fhreagairt.

### *3.4.2 Imeachtaí ar an láthair:*

Tosaíodh ar imeachtaí ar an láthair a eagrú arís i mbliana agus ghlac an tÚdarás páirt sa Chomórtas Náisiúnta Treafa ón 20 go dtí an 22 Meán Fómhair. Deis ar leith a bhí ann chun caidreamh a chothú le roinnt de na déimeagrafaigh mhóra sin a bhfuilimid ag iarraidh díriú orthu. Bhí foireann an HIA in ann cabhrú le tomhaltóirí a raibh fiosrúcháin acu, agus comparáidí idir táirgí árachais sláinte a dhéanamh do dhaoine ar bhonn aonair. I bhfianaise a rathúla is a bhí an cineál seo idirghníomhaíochta le tomhaltóirí, tá sé beartaithe ag an Údarás freastal ar imeachtaí cosúil leis sa todhchaí.

## 3.5 Na meáin agus fógraíocht

### *3.5.1 Fógraíocht*

Ceapadh Feachtas Cumarsáide 2022/23 chun feasacht níos fearr faoi Údarás agus ar ár suíomh Gréasáin, hia.ie, a sholáthar trí fheachtas fógraíochta le tacú ó gníomhaíochtaí rannpháirtíochta tomhaltóirí agus trí fheachtas síor-reatha ar na meáin shóisialta.

Dhírigh feachtas 2022/23 ar fheasacht ar an Údarás a mhúscailt agus baineadh úsáid as carachtar lárnach “Daid” agus an chliblíne “Níl ach údarás amháin ar árachas sláinte ann agus is é sin muidne – An tÚdarás Árachas Sláinte”. Fuair tomhaltóirí an teachtaireacht trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear raidió, VOD (físeán ar éileamh), na meáin shóisialta agus nuacht ar líne. Bhaineamar úsáid éifeachtach as podchraoltaí freisin le go mbeadh muid in ann díriú ar ghrúpa ar leith den lucht féachana lenár dteachtaireacht. Mar shampla, léirigh ár dtaighde nach bhfuil mórán eolais ag tomhaltóirí ar rialacha rátála pobail saoil agus, mar sin, mar chuid d’fheachtas na bliana seo, dhíríomar ar dhaoine óga, féachaint iad a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le rátáil phobail saoil a thuiscint, agus ar thionchar na lódálacha ar a gcuid préimheanna mura bhfaigheann siad árachas sláinte roimh 35 bliana d’aois. D’úsáideamar fógraí spriocdhírithe raidió agus podchraoltaí ar chláir roghnaithe chun dul i bhfeidhm ar lucht spéise daoine níos óige. Bhí deis againn leis na podchraoltaí freisin míniú níos cuimsithí a thabhairt ar na gnéithe sin de tháirgí árachais sláinte a bhfuil sé níos deacra iad a thuiscint agus, ar an gcaoi sin, cabhrú leis an tomhaltóir cinntí níos eolasaí a dhéanamh.

### *3.5.2 Agallaimh raidió*

Bhain an tÚdarás leas as deiseanna chun dul i bhfeidhm ar thomhaltóirí i gceantair tuaithe. Ghlacamar páirt in agallaimh raidió ar an raidió áitiúil agus pobail chun eolas a chur ar fáil d’éisteoirí maidir le hábhair éagsúla faoi árachas sláinte agus ghlac ár bhfoireann páirt i gcraoltaí maidir le ceisteanna tráthúla ar árachas sláinte ar stáisiúin nuachta réigiúnacha agus náisiúnta. Cuireadh deis ar fáil dúinn leo lenár dteachtaireachtaí a scaipeadh ar lucht spéise ar fud na tíre agus cuireadh bealach ar fáil leo chun an pobal a chur ar an eolas go díreach faoi chúrsaí árachais sláinte agus chun ár bpróifíl a ardú ionas go mbeadh a fhios ag tomhaltóirí gur féidir leo muinín a bheith acu asainn chun faisnéis neamhchlaonta saor in aisce a sholáthar dóibh.

### *3.5.3 Na Meáin Shóisialta*

Ligeann na meáin shóisialta dúinn cumarsáid a dhéanamh le lucht féachana leathan, agus díriú ar mhíreanna sainiúla den lucht féachana sin. Is féidir leo freisin sonraí úsáideacha a chur ar fáil maidir le rannpháirtíocht tomhaltóirí.  Tá lucht féachana ár bpostálacha ar líne ag méadú i gcónaí agus feiceann breis agus 1.5 milliún duine iad. Tá súil againn go gcuirfidh an feachtas cumarsáide seo leis an líon seo in 2023 agus muid ag díriú go mór ar fhógraíocht ar na meáin shóisialta trí phostálacha urraithe.

Bhaineamar úsáid as na meáin shóisialta freisin chun cur lenár ndeiseanna rannpháirtíochta le tomhaltóirí agus chun téamaí faisnéise tábhachtacha do thomhaltóirí a chur chun cinn – mar shampla urraímid postálacha ar rátáil phobail saoil (LCR), nó postálacha ina mínítear an chaoi ar féidir le tomhaltóirí costais a laghdú trí úsáid a bhaint as barrachas.

Úsáideann ár bhfeachtas cumarsáide reatha Google adwords/search chun a chinntiú go mbeidh muid an-sofheicthe ag tomhaltóirí agus iad ag cuardach faisnéise faoi árachas sláinte ar líne. Íocaímid as uirlisí meáin eile freisin cosúil le postálacha urraithe. Mar thacaíocht leis na gníomhartha sin, bíonn ár bpoist orgánacha féin againn ar ár gcainéil meáin shóisialta.




*Fíor 6: Sampla d'fhógraíocht Facebook*

# 4

# Infheistíocht a dhéanamh in acmhainn dhigiteach chun ár gcumas a fheabhsú

# Infheistíocht a dhéanamh in acmhainn dhigiteach chun ár gcumas a fheabhsú

Tá an tÚdarás tiomanta do na hacmhainní agus na cumais is gá a bhunú lena chinntiú go bhforbróimid agus go gcoimeádfaimid bonneagar teicniúil atá slán, a bhfuil fáil éasca air, atá oiriúnach lena úsáid, agus lena soláthraítear na gléasanna agus an nascacht atá riachtanach d'úsáideoirí chun go mbeidh rochtain éasca ag úsáideoirí ar na córais agus ar an bhfaisnéis a bheidh uathu pé áit agus pé uair a bheidh siad de dhíth orthu.

## 4.1 Ár bPróisis a Threisiú

### *4.1.1 Cibearshlándáil*

Mar gheall ar imeachtaí le déanaí ar nós hacáil FSS leagadh béim ar a thábhachtaí atá córas láidir cibearshlándála chun cuidiú le cosaint a thabhairt i gcoinne bagairtí cibear-iompartha. Féachann an tÚdarás lena shonraí agus a chórais a chosaint ar bhonn leanúnach, agus cothaítear cultúr san eagraíocht trí chéile atá dírithe ar rioscaí le go músclófar feasacht na foirne inmheánaí an eagraíocht a chosaint ó chibearionsaithe, agus le go mbeidh freagraí láidre athshlánaithe i bhfeidhm chun tacú le pleananna leanúnachais gnó na heagraíochta.

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar bhonneagar TFC an Údaráis i bhfómhar na bliana 2022. Áiríodh leis an athbhreithniú seo bréagionsaí tástála, slándáil Microsoft 365, slándáil agus infreastruchtúr agus suíomh gréasáin agus feidhmchláir suímh gréasáin. Tá moltaí a bhaineann le torthaí an athbhreithnithe seo curtha i bhfeidhm, agus á gcur i bhfeidhm i gcónaí, agus san áireamh leo tá cur i bhfeidhm fíordheimhniú déshraithe agus uasghrádú ríomhairí glúine chun úsáid na bhfeidhmchlár slándála rochtana reatha a éascú.

Leanann an tÚdarás lena chinntiú go mbeadh an cur isteach is lú is féidir ann i gcás go dteipfeadh ar an gcóras.

### *4.1.2 Obair Chumaisc/Cianobair*

B'éigean don fhoireann ar fad bogadh go práinneach chuig cianobair de bharr phaindéim Covid-19. Trí fhreastal ar an dúshlán maidir le ríomhairí glúine slána agus bogearraí comhoibríocha a sholáthar don fhoireann éascaíodh timpeallacht shlán oibre ón mbaile agus soláthraíodh leanúnachas seirbhíse. Spreag freagairt Covid-19 go leor éifeachtúlachtaí eagraíochtúla lena n-áirítear uasghrádú ar ár mbogearraí, nealchomhar feabhsaithe, leanúnachas gnó agus slándáil. Fágann na feabhsuithe sin ar an infreastruchtúr go mbeifí in ann timpeallacht oibre chumaisc a chur ar fáil in 2022, agus maoirseacht a dhéanamh uirthi, agus go mbeidh cothromaíocht oibre/saoil níos fearr ann don fhoireann.

Leantar le bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hobair chumaisc/cianobair lena n-áirítear soláthar infrastruchtúir crua-earraí, bogearraí agus slándála TF nua-aimseartha iontaofa agus bogadh i dtreo ardáin dhigiteacha do gach próiseas.

Tairgtear socruithe cumaisc oibre faoi rogha HIA. Déanfar an socrú a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

### *4.1.3 Inúsáidteacht an tSuímh Gréasáin*

Tá príomhról ag an Údarás, mar rialtóir árachais sláinte, maidir le faisnéis chuimsitheach, chruinn agus thráthúil a sholáthar do thomhaltóirí, chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh trí roghanna árachais sláinte. Déanaimid é sin trí uirlis chuimsitheach chomparáide saor in aisce a chur ar fáil ina liostaítear gach plean árachais sláinte atá ar fáil.

Coinnítear an fhaisnéis sin cothrom le dáta mar fhreagra ar athruithe ar shochair an phlean arna ndéanamh ag árachóirí sláinte. Is acmhainn ríthábhachtach é an suíomh gréasáin hia.ie freisin d'aon shealbhóir árachais sláinte nó d'aon chustaiméir ionchasach chun téarmaíocht chasta faoina bpleananna agus faoina dtairbhí a thuiscint.

## 4.2 Bonn Eolais a chur faoinár Moltaí Taighde agus Beartais

### *Bainistíocht Sonraí agus Anailísíocht*

Tá forbairt agus feabhsú ár n-acmhainní bainistíochta sonraí agus anailíse curtha i gcrích ag an Údarás, agus an sprioc straitéiseach atá ann úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis mhargaidh chun ár gcuid taighde agus moltaí maidir le polasaí a threorú.

Tacóidh bunú agus cur i bhfeidhm na n-acmhainní bainistíochta sonraí agus anailíse leis an Údarás chun an anailísíocht sonraí agus an t-amharcléiriú a fháil a theastaíonn le haghaidh pleanála fianaise-bhunaithe, forbairt polasaí agus bainistíocht airgeadais chomh maith le héifeachtúlachtaí riaracháin a bhaint amach trí dhea-chleachtas bainistíochta sonraí a chur i bhfeidhm san eagraíocht trí chéile.

*Tá forbairt agus feabhsú ár n-acmhainní bainistíochta sonraí agus anailíse curtha i gcrích ag an Údarás, agus an sprioc straitéiseach atá ann úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis mhargaidh chun ár gcuid taighde agus moltaí maidir le polasaí a threorú.*

## 4.3 Cur le hIontaofacht ár gCiste um Chothromú Fiontard

### *4.3.1 An Scéim um Chothromú Fiontar*

Bainistíonn an tÚdarás méideanna suntasacha sonraí agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Áirítear leis sin sonraí éileamh ó na hárachóirí sláinte a bhainistiú chun íocaíocht ón gCiste um Chothromú Fiontar a éascú. Faighimid raon leathan faisnéise freisin ar shealbhóirí árachais sláinte, sonraí éileamh srl. Agus Creidmheas an Chiste Éileamh Ardchostais (HCCP) tugtha isteach ó Aibreán 2022, tá, agus beidh, i bhfad níos mó sonraí curtha faoi bhráid an HIA mar chuid den mheasúnú a dhéanfar ar Éilimh HCCP. Tá na sonraí sin ag éirí níos casta, agus baineann cuid den chastacht sin le forbairtí sa scéim um chothromú fiontar (RES). Ba ionann íocaíochtaí in 2022 i ndáil le creidmheasanna um chothromú fiontar agus €778 milliún san iomlán agus ba ionann na tobhaigh pobalrátaithe a íocadh isteach sa chiste in 2022 agus €801m.

# 5

# Ár bhfoireann a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chur ar fáil

# Ár bhfoireann a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chur ar fáil

Aithníonn an tÚdarás gurb í ár bhfoireann an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn. Dírímid fós ar ár gcumas agus ar ár bhfeidhmíocht mar rialtóir a fhorbairt ionas go leanfaimid lenár gceannaireacht smaoinimh a fhorbairt agus a chothú. Cuireann an tÚdarás ardchaighdeáin rialachais i bhfeidhm ina chuid oibríochtaí agus déanann sé bainistíocht ghníomhach ar na rioscaí a bhíonn os comhair an Údaráis.



*An fhoireann ag seoladh an Phlean Straitéisigh, Aibreán 2022. Ar chúl: Grainne Campbell, Cora Rattigan, Sandra Eaton, Nora O'Reilly, Joanne George, Michael Suttle, Maeve Kearns. Chun tosaigh: Diarmaid Morley, Laura Brien, Sinead Pembroke.*

## 5.1 Ár nDaoine a Fhorbairt

Tá an tÚdarás bródúil as cáilíocht, taithí, eolas agus tiomantas a fhoirne.

D'fhonn struchtúr nua na heagraíochta a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Straitéis 2022-24, agus struchtúr na heagraíochta a athrú ó mhúnla trí rannóg go ceithre rannóg, thugamar faoi roinnt feachtas earcaíochta i rith 2022 chun róil éagsúla a líonadh, lena n-áirítear Ceann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Geallsealbhóirí agus Ceann Oibríochtaí. Chuir sé sin lenár gcumas ár gcuspóirí a bhaint amach agus leanúint le cur leis an líon iomlán foirne.

Tá forbairt ghairmiúil leanúnach ar cheann dár bpríomhthosaíochtaí agus cinntíonn sé go bhfuil an t-eolas agus na scileanna laistigh den eagraíocht ag teacht go leanúnach le tosaíochtaí straitéiseacha an Údaráis. Cuireadh cúrsaí oiliúna agus forbartha gairmiúla ar fáil don fhoireann.

Chuireamar romhainn cultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a chur chun cinn san eagraíocht trí chéile agus d'fhéachamar le folláine na foirne a chur chun cinn go gníomhach, ar gné í sin a mbaineann tábhacht ar leith léi i gcomhthéacs na mbealaí nua oibre atá i bhfeidhm tar éis na paindéime.

Ceann de chuid na gnéithe lárnacha dár bPlean Straitéiseach is ea feabhas a chur ar leibhéal iomlán na bpríomhscileanna san ionad oibre agus, dá bhrí sin, feidhmíocht na heagraíochta. Chuige sin, chuir an tÚdarás oiliúint foirne ar fáil i bpríomhréimsí amhail TF, bainistíocht riosca, scileanna cur i láthair, an dlí árachais, comhlíonadh, soláthar agus bainistíocht AD. Tá uas-sciliú ár bhfoirne ina gné riachtanach chun an t-eolas atá ar fáil laistigh dár n-eagraíocht a fhorbairt agus lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha againn chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

## 5.2 Corporate Governance

### *5.2.1 An Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach*

Tá an tÚdarás Árachas Sláinte comhlíontach leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) (an "Cód") a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016.

### *5.2.2 Eitic in Oifigí Poiblí*

Tá an tÚdarás san áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht seo comhlíonta ag Comhaltaí an Údaráis agus ag an bhfoireann ábhartha.

> *Leanann an tÚdarás lena oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. In 2022, fuair an tÚdarás cúig iarratas um Shaoráil Faisnéise.*

### *5.2.3 Nochtadh Cosanta*

De réir Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe agus coinnithe ag an Údarás d'fhostaithe reatha nó d'iarfhostaithe chun nochtuithe cosanta a dhéanamh i ndáil leis an Údarás agus lena chuid oibre agus chun déileáil le nochtuithe den sórt sin. Tá faisnéis i scríbhinn maidir leis na nósanna imeachta seo curtha ar fáil do gach fostaí. Is féidir beartas an Údaráis a fháil ar a shuíomh Gréasáin ag https://www.hia.ie/about-us/governance.

Ní dhearnadh aon nochtadh leis an Údarás in 2022 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

### *5.2.4 Cearta an Duine agus Comhionannas*

De réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás, agus coinníonn sé na nósanna imeachta sin, chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí an Údaráis, daoine a dtéann a bheartais i bhfeidhm orthu agus daoine fostaithe ag an Údarás a chosaint.

Maidir le 2022, ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

### *5.2.5 Teangacha Oifigiúla*

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an dara Scéim Teanga de chuid an Údaráis Árachais Sláinte 2020 – 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2020. Leagtar amach sa Scéim na bearta atá le glacadh lena chinntiú go soláthrófar réimse seirbhísí áirithe nach gcuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil amhlaidh laistigh den achar ama comhaontaithe. Tá an Scéim ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag https://www.hia.ie

### *5.2.6 Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte*

Leanann an tÚdarás lena oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. In 2022, fuair an tÚdarás cúig iarratas um Shaoráil Faisnéise. Astu sin, deonaíodh dhá cheann i bpáirt, deonaíodh ceann amháin, diúltaíodh ceann amháin, agus tarraingíodh siar iarratas amháin. Chuir an tÚdarás faisnéis ar fáil freisin maidir le naoi gceist pharlaiminte.

### *5.2.7 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais*

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2022 don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chothromú Fiontar (arna riar ag an Údarás) agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ("an C&AG") iad lena n-iniúchadh. Tá na Cuntais seo iniúchta agus faofa ag an oifig sin agus tá siad leagtha amach i gCuid 6 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo.

### *5.2.8 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca/Iniúchadh Inmheánach*

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 21(1) de na hAchtanna Árachas Sláinte. Bhunaigh an tÚdarás Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) arb é a fheidhm tacú leis an Údarás maidir lena fhreagracht as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as árachas gaolmhar.

Bhuail an ARC le chéile ceithre huaire in 2022. Tá ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta & Riosca mar aon le sonraí faoi thinreamh ar chruinnithe le linn 2022 le fáil sa Ráiteas Rialachais atá sna Cuntais atá leagtha amach i gCuid 6 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo. D'aontaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tabhairt faoi chlár iniúchtaí inmheánacha agus d'ordaigh an Coiste i rith 2022 go ndéanfadh Mazars, na hiniúchóirí inmheánacha atá ceaptha ag an Údarás, roinnt iniúchtaí thar a cheann. Rinne na hiniúchóirí inmheánacha iniúchtaí ar leith ar na rialuithe inmheánacha airgeadais don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chothromú Fiontar agus athbhreithniú ar Thuairisceáin Faisnéise. Cuireadh tuarascálacha ar gach iniúchadh ina raibh tuairiscí iniúchta, torthaí iniúchta agus tuairimí bainistíochta faoi bhráid an ARC agus an Údaráis. Bhuail an ARC leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha i rith na bliana. D'ullmhaigh feidhmeannas an Údaráis pleananna gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí iniúchta agus rinne an ARC monatóireacht orthu siúd.

Rinne an ARC maoirseacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar an mbeartas cuntasaíochta, bainistíocht riosca, rialuithe inmheánacha agus saincheisteanna maidir le luach ar airgead.

## 5.3 Bainistíocht Riosca

Tá an tÚdarás, agus é ag tabhairt faoina ról agus a fheidhmeanna, nochtaithe do rioscaí éagsúla straitéiseacha, oibríochta agus airgeadais. D'fhéadfadh foinsí inmheánacha nó seachtracha a bheith faoi deara na rioscaí sin agus d'fhéadfaidís cosc a chur ar chumas an Údaráis a chuspóirí a bhaint amach, nó cur isteach go mór air. Féachann an tÚdarás le rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar a chumas a fheidhmeanna agus a chuspóirí a chomhlíonadh agus a bhaint amach go héifeachtach a bhainistiú agus a mhaolú.

Déantar riosca a bhainistiú san Údarás trí athbhreithnithe foirmiúla agus faomhann an Bord athruithe ar an gClár Rioscaí Corparáideacha, a shainaithníonn na príomhrioscaí don eagraíocht. Déantar na hathbhreithnithe sin trí huaire sa bhliain, nó níos minice, más gá.

Tá beartas bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm ag an Údarás agus próisis bhainistíochta riosca gaolmhara a oibríonn ar fud na heagraíochta. Is ar Bhord an Údaráis atá an fhreagracht deiridh as córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Tá an Bord freagrach as beartas bainistíochta riosca na heagraíochta a cheadú, lena n-áirítear inghlacthacht riosca, agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais fhoriomlán bainistíochta riosca. Tá freagrachtaí ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann, ar an bPríomhoifigeach Riosca agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca as gealltanais bheartas riosca an Údaráis a chomhlíonadh.

Tugtar achoimre thíos ar phríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí an Údaráis, amhail mí na Nollag 2022.

- Tá an Scéim um Chothromú Fiontar mar bhonn agus taca leis an margadh árachais sláinte príobháideach pobalrátaithe agus tacaíonn sí le príomhchuspóir an Údaráis. Déanfar an riosca maidir le heaspa cumais chun éilimh mhargaidh agus sonraí a bhaineann leis an scéim a bhainistiú agus a phróiseáil a mhaolú trí chóras bainistíochta sonraí tras-rannóige a thabhairt isteach agus trí úsáid a bhaint as comhairleoirí seachtracha, agus oiliúint a chur ar bhaill foirne agus a scileanna a fhorbairt.
- Tá an tÚdarás ag brath ar theicneolaíocht chun seachadadh ár bhfeidhmeanna a éascú. Tá rioscaí ag an Údarás a bhaineann le héifeachtacht oibríochtúil agus rochtain agus eispéireas úsáideoirí seirbhíse mar gheall ar fheidhmiúlacht láithreáin ghréasáin atá ag dul in aois agus bonneagar nua á fhorbairt, agus riosca do leanúnachas gnó an Údaráis dá gcuirfeadh cibearghníomhaíocht mhailíseach isteach air seo. Chun na rioscaí seo a mhaolú ghlac an tÚdarás bearta chun a áirithiú go ndéantar nuashonruithe leanúnacha agus tástáil leanúnach ar chórais, go mbunaítear plean leanúnachais gnó, agus go bhfuil bogearraí frithvíris agus bonneagar cibearshlándála i bhfeidhm. Tá clár feasachta agus oiliúna úsáideoirí slándála curtha i gcrích ag an bhfoireann go léir. Anuas air sin, déantar bréagionsaí tástála ar bhonn bliantúil ar fud infreastruchtúr TFC an Údaráis agus déantar monatóireacht ar fhorfheidhmiú na moltaí a eascraíonn as an tástáil sin.
- Bhí 10 mball foirne fostaithe ag an Údarás in 2022. Tá plean comharbais ag an Údarás ina dtugtar aghaidh ar an riosca a bheadh ann d'éifeachtacht oibriúcháin an Údaráis ar bhonn leanúnach dá dtarlódh sé nach rabhthas in ann foireann bainistíochta shinsearach atá cáilithe go cuí a earcú mar thoradh ar an gcóras grádaithe atá againn i gcomparáid le rialtóirí/gníomhaireachtaí stáit eile. Bheadh ról ag soláthróirí seirbhíse seachtracha sa chás sin chomh maith.
- Maolaítear an riosca go bhfuil líon foirne ró-íseal ag an HIA chun a phlean straitéiseach a sheachadadh trí phlean fórsa saothair a chur i dtoll a chéile chun meascán d'acmhainní inmheánacha agus seachtracha a shainaithint, mar aon le hinfhaighteacht soláthraithe seirbhíse seachtracha, an cumas ord tosaíochta ualaí oibre a athrú chomh maith le cead ón Roinn Sláinte chun an líon foirne a mhéadú go 18.


- Tá an tÚdarás ag fanacht le deimhniú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) d'fhonn soiléireacht a fháil ón Roinn sin maidir le dliteanais phinsin a mhaoiniú do Scéim Aoisliúntais an Údaráis. Tá an t-Údarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam. Tá foráil á dhéanamh ag an Údarás freisin maidir le ranníocaíochtaí fostóirí leis an Scéim. Tá an riosca ann go mbeidh an cheist seo gan réiteach san áireamh i gClár Riosca an Údaráis.

## 5.4 Ídiú Fuinnimh

Tá sprioc socraithe ag an an Rialtas don earnáil phoiblí bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm le go n-úsáidfí 50% níos lú fuinnimh faoi 2030. Tá oifig amháin ag an Údarás i bhfoirgneamh oifige il-áitíochta. Tuairiscíonn an tÚdarás ar a fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009.

In 2022, d'ídigh an tÚdarás  120,181 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de:

- 73,527kWh (2020: 21,106kWh) de leictreachas agus
- 46,654kWh (2020: 14,865kWh) de bhreoslaí iontaise (téamh)




*Fíor 7: Táscaire feidhmíochta fuinnimh, Príomhriachtanas Fuinnimh Iomlán in aghaidh gach Fostaí Lánaimseartha, 2009 go 2022.*

Léiríonn Fíor 8 feidhmíocht fuinnimh stairiúil an Údaráis ón mbunbhliain, 2009, chomh fada le 2022. Tagann an méadú suntasach ar úsáid fuinnimh chun cinn as aistriú go dtí oifig níos mó nach bhfuil chomh tíosach ar fhuinneamh agus a rabhthas ag súil leis, agus bhain an laghdú ar úsáid fuinnimh 2020 leis an aistriú chuig obair ón mbaile le linn phaindéim COVID-19. Chun aghaidh a thabhairt ar an tomhaltas méadaithe seo, déanfaidh an tÚdarás monatóireacht níos cruinne ar a úsáid fuinnimh agus cuirfidh sé tionscadail coigilte fuinnimh i bhfeidhm lena n-áirítear cláir feasachta don fhoireann, soláthar fuinnimh tíosach, chomh maith le hoibriú le bainistíocht an fhoirgnimh chun bealaí a aimsiú ina bhféadfaí úsáid fuinnimh a laghdú.

# 6

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2022

## An tÚdarás Árachas Sláinte

### Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022

**Don Aire Sláinte**

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2022.

# Clár na nÁbhar


Faisnéis ar an Údarás ........ 37

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis ........ 38

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ........ 45

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ........ 49

Ráitis Airgeadais ........ 52

# Faisnéis ar an Údarás

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí an Údaráis** | Patricia Byron (Cathaoirleach)<br>Caroline Barlow<br>Michael A. O'Sullivan<br>Damien McShane<br>Marcella Flood (éirithe as an 28 Meitheamh 2023)<br>John Armstrong<br>Dr John Evans |
| **Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir** | Laura Brien (éirithe as an 7 Iúil 2023) |
| **Rúnaí** | Maeve Kearns (go dtí mí na Nollag 2022)<br>Michelle Keane (BDO)(ó mhí Feabhra 2023) |
| **Baincéirí** | AIB plc.<br>7/12 Sráid an Dáma<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Permanent TSB<br>56/59 Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01PF72 |
| **Oifigí** | Teach Beaux Lane<br>Sráid Mercer Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 DH60 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis


## Rialachas


Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú Aireachta an 1 Feabhra 2001, faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 arna leasú (na "hAchtanna Árachais Sláinte"). Bunaíonn Sceideal 1 de na hAchtanna Árachais Sláinte an tÚdarás mar chomhlacht corparáideach agus na socruithe chun Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis a cheapadh. Tá seachtar comhaltaí san Údarás arna gceapadh ag an Aire Sláinte, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach.

Tá Rialacha Gnó (Téarmaí Tagartha) curtha i bhfeidhm ag an Údarás a leagann amach na socruithe maidir le comhaltas san Údarás, cruinnithe a ghairm agus a reáchtáil, ról Rúnaí an Údaráis, agus dualgais agus freagrachtaí tuairiscithe an Údaráis. Tá na Rialacha ag teacht leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an "Cód") arna fhoilsiú ag Seachadadh agus Athchóiriú NDP na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Baineann na socruithe seo freisin leis an gCiste Comhionannaithe Riosca, a bhfuil an fhreagracht air faoin Údarás faoi na hAchtanna.

## Struchtúr Eagrúcháin



Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 21(1) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Tuairiscíonn an tÚdarás, maidir lena shocruithe rialachais, don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (CE/R) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir rialta an Údaráis Árachais Sláinte ó lá go lá. Ní mór don CE/R agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an Údarás a leanúint, agus ní mór dóibh a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach Comhalta ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha dóchúla.

Feidhmíonn an CE/R mar idirchaidreamh díreach idir an tÚdarás agus an bhainistíocht.

## Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Údaráis, ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe go sonrach le haghaidh cinneadh an Údaráis. I measc na míreanna buana a mheasann an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí an Údaráis le halt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an Údaráis Árachas Sláinte.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar fheidhmíocht na heagraíochta trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil an 14 Nollaig 2022 agus trí thagairt do thorthaí airgeadais na bliana iomláine an 28 Márta 2023.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an tÚdarás freagrach as bunú, riarachán agus cothabháil an Chiste Comhionannaithe Riosca (“an Ciste”). Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte agus an Chiste tuairimí cearta agus cothroma maidir le feidhmíocht airgeadais agus seasaimh airgeadais an dá eintiteas amhail an 31 Nollaig 2022.

**Tá Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí san Údarás, arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Ceapadh Comhaltaí an Údaráis go ceann tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana agus buaileann siad le chéile 8 n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do Chomhaltaí reatha:**

| Comhalta an Údaráis | Ról | Dáta Ceaptha | Dáta a Chríochnaíonn an Ceapachán |
|---|---|---|---|
| Patricia Byron | Cathaoirleach | 1 Iúil 2021 | 30 Meitheamh 2026 |
| An Dr John Evans | Gnáthchomhalta | 24 Meitheamh 2021 | 23 Meitheamh 2026 |
| Caroline Barlow | Gnáthchomhalta | 24 Meitheamh 2019 | 23 Meitheamh 2024 |
| Michael A. O'Sullivan | Gnáthchomhalta | 24 Meitheamh 2019 | 23 Meitheamh 2024 |
| Damien McShane | Gnáthchomhalta | 5 Iúil 2019<br>Athcheaptha an 5 Iúil 2022 | 4 Iúil 2027 |
| Marcella Flood | Gnáthchomhalta | 5 Iúil 2019<br>Athcheaptha an 5 Iúil 2022 | 4 Iúil 2027<br>D'éirigh as an 28 Meitheamh 2023 |
| John Armstrong | Gnáthchomhalta | 18 Meán Fómhair 2019<br>Athcheaptha an 18 Meán Fómhair 2022 | 17 Meán Fómhair 2027 |

## Éifeachtúlacht an Bhoird agus an Rialachais

I mí Mheán Fómhair 2022, thug an tÚdarás faoi fhéinmheasúnú bliantúil ina ndéarnadh meastóireacht ar a fheidhmíocht féin.

Tá dhá choiste bunaithe ag an Údarás, mar a leanas:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** tá sé comhdhéanta de bheirt Chomhaltaí an Údaráis ar a laghad. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an Údarás maidir lena fhreagracht as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as árachas gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an ARC go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an ARC: Michael A. O'Sullivan (Cathaoirleach go dtí mí Mheán Fómhair 2022), Caroline Barlow (Cathaoirleach ó mhí Mheán Fómhair 2022) agus Marcella Flood (éirithe as an 28 Márta 2023). D'éirigh Marcella Flood as mar chomhalta an ARC ar an 28 Márta 2023 agus tháinig John Evans ina háit. Bhí 4 chruinniú ag an ARC in 2022.

**2. Coiste Idirchaidrimh Feidhmíochta:** tá sé comhdhéanta de thriúr Comhaltaí Údaráis HIA. Bunaíodh an Coiste Idirchaidrimh Feidhmíochta (PLC) i mí na Nollag 2022 agus tháinig sé le chéile uair amháin in 2022. Is é ról an PLC soláthar a dhéanamh do mheicníocht éifeachtach chun an HIA a éascú agus é ag breathnú ar fheidhmíocht POF an HIA; i gcomhar le Cathaoirleach an HIA, idirchaidreamh a dhéanamh leis an POC maidir leis sin; agus cuidiú le cuspóirí cuí a shocrú chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcuspóirí sin ar bhealach iomlán, éifeachtach agus trédhearcach. Tuairiscíonn an Coiste don HIA ar a ghníomhaíochtaí trí nuashonrú ó bhéal ó Chathaoirleach an Choiste don HIA ag cruinniú an HIA a bhíonn tar éis cruinniú an Choiste.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an PLC: Michael O'Sullivan, John Armstrong, Damien McShane.

## Sceideal an Fhreastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal an fhreastail ar chruinnithe an Údaráis agus na gcoistí do 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach Comhalta:

| | Údarás | Iniúchóireachta & Riosca Coiste | Táillí | Costais |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe | 10 | 4 | | |
| Patricia Byron | 10 | | 8,978 | 17 |
| Dr John Evans | 10 | | | |
| Caroline Barlow | 10 | 4 | 5,985 | |
| Michael O'Sullivan | 10 | 4 | 5,985 | 335 |
| Damien McShane | 10 | | 5,985 | |
| Marcella Flood | 10 | 4 | 4,489 | |
| John Armstrong | 9 | | 5,985 | |
| | | | 37,407 | 352 |

Ní bhfuair Comhalta amháin den Údarás, an Dr John Evans táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

## Príomhathruithe Pearsanra Struchtúr an Údaráis

Tháinig deireadh le tréimhse cheapacháin tosaigh Marcella Flood agus Damien McShane ar an 4 Iúil 2022 agus athcheapadh an bheirt go ceann téarma cúig bliana eile. Tháinig deireadh le tréimhse cheapacháin tosaigh John Armstrong ar an 17 Meán Fómhair 2022. Athcheapadh é go ceann 5 bliana eile.

D'éirigh Michael O'Sullivan as mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tháinig Caroline Barlow ina áit. D'éirigh Laura Brien as a post mar Phríomhfheidhmeannach/Cláraitheoir ar an 7 Iúil 2023. D'éirigh Marcella Flood as mar chomhalta Údaráis ar an 28 Meitheamh 2023. D'éirigh Marcella Flood as mar bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 28 Márta 2023 agus tháinig John Evans ina háit.

## Nochtuithe a Éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a áirithiú gur chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte ceanglais an Chóid. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Miondealú Sochair Gearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| Réims | | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| e ó | | Go | 2022 | 2023 |
| €60,000 | - | €69,999 | 2 | 1 |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 2 |
| €80,000 | - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | - | 1 |
| €100,000 | - | €109,999 | - | - |
| €110,000 | - | €119,999 | - | 1 |
| €120,000 | - | €129,999 | 1 | 1 |
| €130,000 | + | | - | - |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, tá tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach gan PRSI an fhostóra san áireamh i sochair gearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe.

## Costais Chomhairleachta

Cuimsíonn costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairleacht Plean Eagrúcháin | 29,520 | - |
| Seirbhísí Tacaíochta Soláthair | - | 6,458 |
| Comhairleoireacht Bhunachar Sonraí | 107,130 | - |
| | **136,650** | **6,458** |
| Costais Chomhairleachta Caipitlithe | - | - |
| Costais chomhairleachta a ghearrtar ar na Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncaim Coinnithe | 136,650 | 6,458 |
| **Iomlán** | **136,650** | **6,458** |

## Costais agus Socruithe Dlí

Is iad seo a leanas na costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí, nó socraíochtaí:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Imeachtaí Dlí | | 3,004 |
| Costais dlí aisghafa | | |
| **Iomlán** | | **3,004** |

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Baile | | |
| Údarás | 352 | 239 |
| Fostaithe | 1,145 | 139 |
| Idirnáisiúnta | | |
| Fostaithe | | |
| an Údaráis | | |
| Iomlán | 1,497 | 378 |

## Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne agus Údaráis | 2,568 | 2,913 |
| **Iomlán** | **2,568** | **2,913** |

# Ráiteas ar Chomhlíonadh

Chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte go hábhartha ceanglais an Chóid, ach amháin na heisceachtaí seo a leanas:

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte maidir lena chomhlíonadh le Mír 8.48 den Chód i ndáil le díospóidí dlí a mhodhnú nuair a luaitear *"i gcás ina mbaineann comhlacht Stáit eile le díospóid dlí, mura n-éilítear a mhalairt le reacht, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun idirghabháil, eadránú nó réiteach ar bhealach eile sula dtabhaítear costais dlí costasacha. Ba cheart do chomhlachtaí stáit an beart is costéifeachtaí a leanúint maidir le díospóidí dlí."*

Cháiligh an tÚdarás an ceanglas trí "(seachas gnóthas cláraithe)" a chur isteach i ndiaidh "comhlacht Stáit". Léiríonn sé seo go n-éilíonn Alt 338 de na hAchtanna Árachais Sláinte *"go gcomhlíonfaidh an tÚdarás na feidhmeanna a thugtar dóibh leis an Acht seo nó faoin Acht seo ar bhealach a fhágfaidh go gcaithfear go cothrom le gnóthais chláraithe in imthosca comhchosúla."*

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte maidir lena chomhlíonadh le hAguisín C, an Creat um Chód Iompair den Chód, a mhodhnú, áit a moltar gur cheart do Chód Iompair an Údaráis aghaidh a thabhairt ar cheist na dílseachta trí aitheantas a thabhairt don *"fhreagracht le bheith dílis don chomhlacht Stáit agus tiomanta go hiomlán ina cuid gníomhaíochtaí gnó go léir agus a mheabhrú go gcaithfidh an eagraíocht féin leasanna an scairshealbhóra a chur san áireamh i gcónaí."* Deirtear sa chuid chomhfhreagrach i gCód Iompair an Údaráis *"… go gcaithfidh an eagraíocht riachtanais a reachtaíochta rialaithe a chur san áireamh i gcónaí", seachas "leasanna an scairshealbhóra".*

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte léirmhíniú Alt 3.3 den Chód a deir *"má fhaigheann Comhalta den Bhord/Stiúrthóir fianaise nach gcomhlíontar aon oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, ba cheart dó/di é seo a chur in iúl láithreach dá gcomh-chomhaltaí Boird/Stiúrthóirí d'fhonn an t-ábhar a réiteach. Ba cheart don Chathaoirleach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Aire ábhartha ag léiriú (i) iarmhairtí an neamhchomhlíonta sin agus (ii) na céimeanna a glacadh nó a ghlacfar chun an seasamh a réiteach. Is é freagracht an Chathaoirligh saincheisteanna den sórt sin a chur in iúl don Aire."* Léirmhíníonn an tÚdarás an riachtanas seo mar rud a bhaineann le haon neamh-chomhlíonadh ábhartha.

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Árachas Sláinte (“an tÚdarás”) aithním freagracht an Údaráis as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú i leith an Údaráis agus an Chiste Comhionannaithe Riosca. Cuirtear an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an Córas Rialaithe Inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin ní féidir leis an gCóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an Córas Rialaithe Inmheánach, atá ag teacht le treoir arna eisiúint ag Seachadadh agus Athchóiriú NDP na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí An

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (“ARC”) ag an Údarás ina bhfuil beirt Chomhaltaí den Údarás ar a laghad a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus is é an Cathaoirleach duine acu. Bhuail an ARC le chéile ceithre huaire in 2022.

Fostaíonn an tÚdarás Iniúchóir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir na Cairte Iniúchóireachta Inmheánaí ceadaithe agus a thuairiscíonn don ARC. Formheasann an ARC Plean Iniúchóireachta Inmheánaí agus déantar athbhreithniú air bliain. Forbraítear an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí trí chur chuige riosca-bhunaithe a úsáid.

Shocraigh an tÚdarás inghlacthacht riosca na heagraíochta agus tá sé seo leagtha amach i Ráiteas Inghlacthachta Riosca. D’fhorbair an ARC Creat Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na Próisis Bhainistíochta Riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí ar róil agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de Bheartais Bhainistíochta Riosca an Údaráis, chun bainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú agus chun ligean don fhoireann freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Córas Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Is mír bhuan é bainistíocht riosca ar chlár oibre an ARC agus an Údaráis araon. Tá Clár Riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an tÚdarás, trí huaire sa bhliain, athbhreithniú ar na príomhrioscaí go léir a shainaithnítear ar an gClár Riosca agus déanann an bhainistíocht pleananna chun na rioscaí aitheanta a mhaolú. Cuirtear rioscaí a shainaithnítear i rith na bliana leis an gClár Riosca ar bhonn leanúnach. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an Clár Riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú, agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d’fhoireann ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach próiseas príomhghnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta leis an bhfreagracht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil, rud a choinníonn an bhainistíocht shinsearach agus an tÚdarás faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú agus
- tá córais ann chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

## Tionchar phaindéim Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Le tosú phaindéim COVID 19 go luath in 2020, agus na comhairle sláinte poiblí agus na mbeart sábháilteachta dá bharr, rinneadh athrú ar chleachtais oibre an HIA go tapa agus go suntasach i rith 2022, agus cianobair agus obair fhíorúil mar ghnáthnós ag formhór fhoireann an HIA.

Rinne HIA dlúthmhonatóireacht ar na forbairtí, ag féachaint leis na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, baill foirne agus geallsealbhóirí an HIA agus an Chiste Comhionannaithe Riosca a mhaolú. I measc na mbeart a rinne an tÚdarás tá: -

- Oibríochtaí gnó an Údaráis a aistriú chuig timpeallacht chianoibre inar féidir le formhór na bpróiseas gnó leanúint ar aghaidh mar is gnáth.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim Covid-19 agus aclaíocht HIA chun freagairt go héifeachtach orthu.
- A áirithiú go bhfanann deighilt láidir dualgas agus go bhfuil clúdach leordhóthanach i bhfeidhm i gcás nach mbeadh údaráis cheadaithe shonracha ar fáil.
- A áirithiú go leanann na beartais agus na nósanna imeachta cosanta sonraí agus bainistíochta taifead atá ann cheana féin de bheith i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is gnáth.
- A áirithiú go bhfaigheann baill foirne rochtain ar líonra HIA ag baint úsáide as trealamh TFC ceadaithe de chuid HIA agus go bhfuil an trealamh TFC riachtanach curtha ar fáil do gach ball foirne atá ag obair go cianda.
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht le haghaidh laigí i rialuithe inmheánacha de dheasca Covid-19 agus monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá.
- Cigireachtaí ar an láthair ar árachóirí a aistriú chuig cianchigireacht trí Microsoft Teams agus Webex. Rinneadh tástálacha céim ar chéim ar phríomhphróisis ar líne trí scáileán a roinnt, agus tástáladh na rialuithe a bhí i bhfeidhm chun a leorgacht agus a n-éifeachtacht a mheas.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach agus an tÚdarás athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais, a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.
- Maidir leis an REF, tá nósanna imeachta agus rialuithe chun dleacht stampa, íocaíochtaí éileamh agus cuntais bhainc a réiteach i bhfeidhm agus críochnaítear iad go tráthúil. Déanann an bhainistíocht shinsearach agus an tÚdarás athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht an chiste.
- Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar thorthaí iniúchtaí bliantúla na n-árachóirí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha. Aibhsítear ceisteanna a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna rialaithe thíos.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca agus Rialaithe. Cuireann obair na nIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an ARC a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaigh bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna Comhaltaí an Údaráis athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha i ndáil le 2022 i mí Mhárta 2023 agus d'fhormheas an tÚdarás é ag a chruinniú i mí Mhárta 2023.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

### *Soláthar Neamh-chomhlíontach*

In 2022, chinntigh an tÚdarás go raibh fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus ceannach agus go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte na treoirlínte leis na heisceachtaí seo a leanas:

In 2022, dhámh an HIA conradh tar éis próisis tairisceana poiblí chun córas nua bunachar sonraí a fhorbairt. Ar an drochuair, an ball foirne a sannadh chun bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar obair forbartha an chórais bhunachair shonraí, d'éirigh sé as go díreach sular thosaigh an obair ar an tionscadal. D'fhág sin go raibh riachtanas práinneach ag an HIA maidir le saineolas bainistíochta tionscadail. Mar gheall ar an bpráinn a bhain leis an gceanglas maidir le saineolas bainistíochta tionscadail a aimsiú, níorbh fhéidir cloí leis na rialacha ama don Nós Imeachta Oscailte nó Srianta nó don Nós Imeachta Iomaíoch le Caibidlíocht.

Fuarthas trí thairiscint don obair seo mar thoradh ar chomórtas tairisceana roimhe seo maidir le riachtanais sonraíochta córais a fhorbairt chun an córas bunachar sonraí a fhorbairt.Aithníodh ina dhiaidh sin go raibh an t-eolas agus an saineolas riachtanach ag ceann de na tairgeoirí, nár éirigh leo don obair seo, chun an ról bainistíochta tionscadail a bhí folamh anois a dhéanamh.Tacaíodh leis seo sa mhéid is go raibh an t-eolas cuí faighte ag an tairgeoir seo ar thionscadal an chórais bhunachair sonraí trína thairiscint a ullmhú don obair forbartha ar an gcóras bunachar sonraí. Ba é an t-eolas agus an tuiscint ar chumais an tsoláthraí seo an bonn chun conradh a dhámhachtain chun seirbhísí bainistíochta tionscadail a sholáthar faoin bpróiseas Nós Imeachta Idirbheartaíochta gan Foilsiú Roimh Ré. Ba é an caiteachas iomlán ná €77,117 agus fuarthas luachan roimh ré. Ní raibh an soláthraí seo fostaithe ag an HIA roimhe seo chun seirbhísí comhchosúla a sholáthar agus ní raibh aon ghaolmhaireacht ann a léireodh coinbhleacht leasa sa chinneadh an conradh seo a dhámhachtain. Is eagraíocht mhór an soláthraí atá i gceist a chuir seirbhísí eile ar fáil don HIA roimhe seo agus atá ag cur seirbhísí Rúnaíochta Cuideachta ar fáil faoi láthair, ach tá an HIA sásta nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

Go déanach in 2022, d'éirigh Ceann Airgeadais an HIA as, trí fhógra míosa a thabhairt, rud a d'fhág go raibh an eagraíocht i riocht ina raibh uirthi ról ríthábhachtach a líonadh ar fhógra an-ghearr. Baineann an ról seo le bainistiú suimeanna suntasacha airgid (suas le €800m in aghaidh na bliana) le forbhreathnú ar nósanna imeachta casta airgeadais agus bainistíochta cistíochta. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an ról seo, bhí ar an HIA duine ionaid a earcú chomh tapa agus ab fhéidir chun aistriú cuimsitheach a éascú ón gCeann Airgeadais a bhí ag imeacht. Mar gheall ar an bpráinn a bhain leis an gceanglas seo mar aon leis an ngá a bhí ann iarrthóir a aimsiú a raibh scileanna airgeadais an-sonrach acu, níorbh fhéidir nós imeachta iomaíoch soláthair a bheith ann atá i gcomhréir leis na rialacha agus leis na treoirlínte reatha soláthair. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas práinneach an ról seo a líonadh, rinne an HIA conradh le gníomhaireacht earcaíochta chun iarrthóir atá cáilithe go cuí a sholáthar chun an ról seo a líonadh ar bhonn eatramhach. In 2022, thabhaigh an HIA caiteachas de €64,578 i leith an chonartha seo. Tá soláthar na seirbhíse seo tugtha chun rialtachta ag an HIA in 2023 trí sholáthar iomaíoch a dhéanamh chun fostaí buan a earcú atá freagrach as soláthar na seirbhíse seo de réir na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha.

D'aithin an HIA inmhianaitheacht na tacaíochta soláthair gairmiúla chun comhlíonadh iomlán na dtreoirlínte ábhartha go léir a áirithiú. Tar éis tairisceana poiblí, tá conradh bronnta ag HIA chun tacaíocht soláthair agus seirbhísí oiliúna a sholáthar. Cinnteoidh an conradh seo go mbeidh soláthair amach anseo go hiomlán comhlíontach agus forbróidh sé eolas inmheánach na heagraíochta maidir le treoirlínte soláthair. Tá plean soláthair forbartha ag an HIA do 2023-26 a shainaithníonn conarthaí le haghaidh earraí agus seirbhísí a dteastaíonn tairiscint iomaíoch uathu agus a sceidealaíonn seoladh cuí próiseas tairisceana.

Cé nár sainaithníodh aon laigí rialaithe ábhartha eile i ndáil le 2022, tugann an tÚdarás faoi deara go raibh an leibhéal láimhdeachais foirne thar a bheith ard i rith 2022 i gcomparáid le blianta roimhe sin, agus go bhféadfadh an láimhdeachas sin cur leis an mbaol go mbeadh laigí rialaithe ann nuair a chailltear foireann a bhfuil taithí acu. Tá monatóireacht ghéar á déanamh ar an riosca seo agus tá sé á mhaolú trí earcú agus ionduchtú foirne nua atá cáilithe go cuí.

Thar ceann Comhaltaí an Údaráis;

| | |
|---|---|
| **Patricia Byron** | **Caroline Barlow** |
| *Cathaoirleach* | *Comhalta* |

Dáta 2 Lúnasa 2023

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An tÚdarás Árachas Sláinte

### Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1994. Tá na Ráitis Airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim, nuair a fhágtar amach neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fíor agus cothrom leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2022 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

#### *An bonn do thuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais*

*Neamh-aitheantas ar dhliteanais phinsin fhabhraithe*

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás Árachas Sláinte cuntas ar a dhliteanas fabhraithe sochair scoir. Ní chomhlíonann sé seo FRS 102 lena n-éilítear go n-aithníonn na ráitis airgeadais an dliteanas fabhraithe iomlán ar an dáta tuairiscithe.

Mar a mhínítear i nóta 10 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, mheas an tÚdarás gur fiú €2.6 milliún an dliteanas i ndáil leis an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe (do bhaill foirne arna gceapadh roimh 2013) amhail an 31 Nollaig 2022. Coinníonn an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin (ón bhfostóir agus ó fhostaithe) de chuid chomhaltaí na scéime sin agus coinnítear mar chúlchiste iad agus úsáidtear iad chun íoc as pinsin de réir mar is gá. Aithnítear an t-iarmhéid sa chúlchiste sin mar sholáthar carntha le haghaidh pinsean (€2.4 milliún amhail an 31 Nollaig 2022).

*Bonn an iniúchta*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

## Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a thuairiscím orthu d'eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

An 10 Lúnasa 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### *Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis*

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as an méid a leanas

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta 1994
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtachta
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

### *Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Éilítear orm faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaois nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tátal maidir le hoiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht an Údaráis Árachas Sláinte leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tátail de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tÚdarás Árachas Sláinte in ann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, agus nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta de mo chuid.

Tuairiscím na nithe seo a leanas, trí eisceacht, más é mo thuairim é:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Leis an tuairim de mo chuid, ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím tátal dearbhaithe ar bith ina leith..

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithním má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tátal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíric sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

## Ráiteas ar Chaiteachas agus Ioncam agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, 2022 € | 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, 2021 € |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Ioncam | 2 | 2,812,418 | 2,869,434 |
| Costais riaracháin | 3 | (2,931,030) | (3,026,994) |
| | | | |
| **Barrachas (caiteachas thar ioncam)/ ioncam thar chaiteachas** | | (118,612) | (157,560) |
| | | | |
| Ús infhála | | 1,038 | 672 |
| | | | |
| **(Easnamh) / Barrachas don bhliain** | | **(117,574)** | **(156,888)** |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe ag tús na bliana | | 9,693,136 | 9,850,024 |
| **Cúlchistí ioncaim coinnithe ag deireadh na bliana** | | **9,575,562** | **9,693,136** |

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 6 | 286,171 | 414,155 |
| Sócmhainní Á bhFórbairt | 6 | 105,129 | |
| | | 391,300 | 414,155 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 10,812,857 | 10,978,318 |
| Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile | 7 | 1,225,276 | 1,088,995 |
| | | 12,038,133 | 12,067,313 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 8 | (2,853,871) | (2,788,332) |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 9,184,262 | 9,278,981 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 9,575,562 | 9,693,136 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | 9,575,562 | 9,693,136 |
| | | | |
| **Léirithe ag** | | | |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | 9,575,562 | 9,693,136 |
| | | **9,575,562** | **9,693,136** |

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh) / barrachas oibriúcháin don bhliain | | (117,574) | (156,888) |
| Dímheas | 6 | 127,984 | 174,547 |
| (Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe | 7 | (136,281) | 136,105 |
| (Méadú) / Laghdú ar chreidiúnaithe | 8 | 65,539 | (197,766) |
| Glan-airgead tirim (eis-sreabhadh) / insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | (60,332) | (44,002) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | 6 | (105,129) | (23,154) |
| | | (165,461) | (67,156) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús a tuilleadh | | (1,038) | (672) |
| Ús a fuarthas | | 1,038 | 672 |
| **(Méadú) / Laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **(165,461)** | **(67,156)** |
| | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | | 10,978,318 | 11,045,474 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig | | 10,812,857 | 10,978,318 |
| | | | |
| **(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **(165,461)** | **(67,156)** |

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

### *Ráiteas ar Chomhlíonadh*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS102"), arna mhodhnú le treoracha an Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha (féach an beartas cuntasaíochta um Shochar Scoir thíos). Ní chomhlíonann bunús na cuntasaíochta FRS 102, a éilíonn go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

### *Bunús an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair in Euro ("€") arb é airgeadra feidhmiúil an Údaráis é freisin. ·

Tá an tÚdarás den tuairim nach bhfuil aon bhreithiúnais chriticiúla ann a mbíonn tionchar suntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### *Ioncam Tobhaigh*

Léiríonn ioncam tobhaigh an méid infhála ag an Údarás i leith na tréimhse. Cuirtear san áireamh ann íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir an Achta Árachais Sláinte 1994 arna leasú. Déantar réasúntacht an fhigiúir seo a sheiceáil i gcoinne an ioncaim tobhaigh ionchais bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna árachais sláinte príobháideacha.

### *Aitheantas Caiteachais*

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir mar a thabhaítear é.

### *Sócmhainní Seasta Inláimhsithe*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, chun costas sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáideach measta, faoi mhodh na líne dírí, ag an ráta bliantúil 33 1/3% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus forbairt láithreáin ghréasáin agus 20% do na sócmhainní eile go léir ó dháta na fála.

### *Airgeadraí Eachtracha*

Tiontaítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in Euro i rith na bliana agus tá siad san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don tréimhse.

Tiontaítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in Euro ag rátaí malairte a rialaíonn ar an dáta tuairiscithe agus tá gnóthachain agus caillteanais mar thoradh air sin san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don tréimhse.

### *An Scéim Comhionannaithe Riosca*

Bunaíodh an Ciste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) an 1 Eanáir 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a chothabháil agus a riar agus faigheann sé ar ais na costais tabhaithe ón gCiste. Cuimsíonn an bunús le costais a fháil ar ais cionroinnt iomlán na gcostas a bhaineann go díreach leis an gCiste agus cionroinnt pháirteach na gcostas a thabhaíonn an tÚdarás, mar atá leagtha amach i Nóta 13 de na ráitis airgeadais. Ullmhaíonn an tÚdarás ráitis airgeadais ar leithligh don Chiste ar bhonn bliantúil.

### *Sochair Scoir*

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis. Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis (IR 637 de 2016) ("an Scéim") an 21 Nollaig 2016 ina bhfuil na Rialacha atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin do Chomhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis nó ina leith, lena n-áirítear Cláraitheoir an Údaráis, de réir mar is iomchuí. Tá an t-Údarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam. Tá foráil á dhéanamh ag an Údarás freisin maidir le ranníocaíochtaí fostóirí leis an Scéim. Tá an tÚdarás i mbun díospóireachta leis an Roinn Sláinte maidir le meicníocht maoinithe pinsin an Údaráis. Is scéim aoisliúntais sochair shainithe d'fhostaithe í an Scéim. Ar feitheamh toradh na ndíospóireachtaí sin, déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ón soláthar carntha pinsin (€2,439,533 amhail an 31 Nollaig 2022). Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir le sochair iníoctha sna blianta amach anseo.

Is é an dliteanas pinsin don scéim aoisliúntais fostaithe amhail an 31 Nollaig 2022 ná

€2,600,000. Ní léirítear dliteanas pinsin don scéim seo sna ráitis airgeadais seo. Féach Nóta 10 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Tá baill foirne Iontrála nua atá fostaithe ag an Údarás tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na foirne atá mar chuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig Seachadadh agus Athchóiriú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 2. Ioncam

Foráiltear le halt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 go n-íocfaidh gnóthais chláraithe tobhach ioncaim leis an Údarás gach ráithe d'fhonn oibríochtaí an Údaráis a mhaoiniú agus soláthar leordhóthanach a dhéanamh do theagmhais. Rinne Ionstraim Reachtúil 528/2014, an tAcht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh 2014 an tobhach ioncaim a leasú dá ráta reatha 0.09% a bhí i bhfeidhm in 2021 agus in 2022.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Tobhach Ioncaim | 2,500,591 | 2,549,690 |
| Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha **(Nóta 13)** | 311,827 | 319,744 |
| | 2,812,418 | 2,869,434 |

## 3. Costais riaracháin

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne **(Nóta 4)** | 1,036,976 | 1,040,133 |
| Costais oiliúna | 16,799 | 27,107 |
| Táillí Stiúrthóirí **(Nóta 4)** | 37,407 | 38,903 |
| Cíos, Táillí Seirbhíse agus Cothabháil | 291,180 | 283,904 |
| Comhairleacht **(Nóta 5)** | 507,282 | 599,455 |
| Árachas | 29,133 | 21,357 |
| Costais Ríomhaireachta agus Pháipéarachais | 63,887 | 27,604 |
| Costais Eile Riaracháin | 86,462 | 76,206 |
| Faisnéis do Thomhaltóirí | 720,620 | 724,478 |
| Iniúchadh | 13,300 | 13,300 |
| Dímheas | 127,984 | 174,547 |
| | 2,931,030 | 3,026,994 |

Faightear ar ais costais riaracháin de €311,827 (2021: €319) i leith an Chiste Comhionannaithe Riosca ón gCiste agus láimhseáiltear iad mar ioncam. Áirítear leis an bhfigiúr seo sciar REF de Chostais Thuarastail agus Foirne, Cíosa/Táillí Seirbhíse/Cothabháil, Costais Ríomhairí agus Stáiseanóireachta mar aon le Costais Riaracháin eile mar atá leagtha amach i Nóta 13.

## 4. Luach Saothair

Is é cuspóir an nochtaithe ná faisnéis a sholáthar maidir le luach saothair i gcomhlachtaí Stáit, i ndáil leis an gcaiteachas iomlán a thabhaíonn an comhlacht Stáit agus socruithe luach saothair na príomhfhoirne, lena n-áirítear an CE/R agus príomhbhainistíocht eile. Cuimsíonn sochair fhostaithe, mar atá sainmhínithe ag Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”), tuarastail agus costais phinsin, sochair fhoirceanta, sochair iarfhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe.

### *Táillí Stiúrthóirí*

Táillí iníoctha le comhaltaí aonair boird do 2022 Patricia Byron (Cathaoirleach Isteach) €8,978 (2021: €2,245), An Dr John Evans €Nialas, Michael A. O’Sullivan €5,985 (2021: €5,985:), Damien McShane €5,985 (2021: €5,985), Caroline Barlow €5,985 (2021: €5,985), John Armstrong €5,985 (2021: €5,985) agus Marcella Flood €4,489 (2021: €5,985).

Ba iad na speansais a íocadh le comhaltaí boird in 2022 ná €352 (2021: €239).

### *Luach Saothair Fostaithe*

Faoi FRS102 is iad príomhphearsanra bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht orthu gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear aon stiúrthóir (cibé acu stiúrthóir feidhmiúcháin nó eile atá i gceist) den eintiteas sin.

### *(a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe*

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | 721,459 | 792,659 |
| Rannchuidiú fostóirí le leas sóisialta | 81,461 | 87,846 |
| Costas Pinsin an fhostóra **(Nóta 10)** | 100,645 | 105,967 |
| SPSPS (DPER) an fhostóra | 60,183 | 53,661 |
| Foireann ar conradh | 73,228 | |
| **Iomlán** | **1,036,976** | **1,040,133** |

Ina theannta sin in 2022: asbhaineadh €25,759 (2021: €26,201) ón bhfoireann trí ranníocaíochtaí aoisliúntais breise agus íocadh leis an Roinn Sláinte é.

Ba é líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana an 31 Nollaig 2022 ná 10 (2021: 14).

### *(b) Tuarastail Foirne, Pinsean & Sochair Ghearrthéarmacha*

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 721,459 | 792,659 |
| Ragobair | | |
| Liúntais | | |
| **Iomlán** | **721,459** | **792,659** |

### *(c) Príomhphearsanra Bainistíochta*

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás Comhaltaí an Údaráis, an CE/R, an Ceann Oibríochtaí, an Ceann Rannpháirtíochta Tomhaltóirí agus Cumarsáide, Ceann an Chiste Comhionannaithe Riosca agus an Ceann Rialála agus Comhlíonta. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 454,144 | 564,551 |
| Liúntais | | |
| Sochair um fhoirceannadh | | |
| Árachais Sláinte | | |
| Foireann ar conradh | 43,504 | |
| **Iomlán** | **497,648** | **564,551** |

Ní chuimsíonn sé seo luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse. Is iad na príomhphearsanra bainistíochta baill de scéim phinsin an Údaráis Árachais Sláinte nó de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní shíneann a dteidlíochtaí ina leith sin níos mó ná téarmaí na scéime samhla pinsin seirbhíse poiblí nó Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair.

### *(d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh/an Chláraitheora*

Seo a leanas an pacáiste luach saothair CE/R don tréimhse airgeadais:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| CE/R | 125,713 | 118,457 |
| **Iomlán** | **125,713** | **118,457** |

Fuair an CE/R taisteal agus cothú do 2022 de €Nialas (2021: €66).

Tá an CE/R ina ball den Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe, agus ní shíneann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin. Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh sa mhéid thuas.

Ní bhfuair an CE/R aon pheorcaisí ná sochair in 2022.

## 5. Costais Chomhairleachta

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach | 45,344 | 59,093 |
| Seirbhísí Achtúireacha | 3,321 | 147,140 |
| Seirbhísí Dlí | 50,171 | 94,218 |
| Cumarsáid | 45,183 | 48,510 |
| Taighde | 52,758 | 88,146 |
| Earcaíocht | 39,668 | |
| Comhairleoireacht Bhunachar Sonraí | 107,130 | |
| Tacaíocht Soláthair | | 6,458 |
| Aoisliúntas | 7,815 | 3,574 |
| Comhairleacht Plean Eagrúcháin | 29,520 | |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 2,214 | 3,486 |
| Comhairleacht eacnamaíochta | 124,158 | 148,830 |
| | **507,282** | **599,455** |

## 6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Ríomhaire Trealamh € | Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh € | Láithreán Gréasáin Forbairt € | Oifig Feistiú € | Sócmhainní Faoi Forbairt € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 94,798 | 124,864 | 333,442 | 432,581 | - | 985,685 |
| Breisiúcháin le linn na bliana | - | - | - | - | 105,129 | 105,129 |
| Diúscairtí le linn na bliana | - | - | - | - | - | - |
| Coigeartú sa Bhliain Roimhe | 135 | 1,304 | - | (535) | - | 904 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **94,933** | **126,168** | **333,442** | **432,046** | **105,129** | **1,091,718** |
| | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 66,412 | 39,719 | 333,442 | 131,957 | - | 571,530 |
| Muirear don bhliain | 17,618 | 23,957 | - | 86,409 | - | 127,984 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Coigeartú sa Bhliain Roimhe | 904 | 535 | - | (535) | - | 904 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 84,934 | 64,211 | 333,442 | 217,831 | - | 700,418 |
| | | | | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **9,999** | **61,957** | **-** | **214,215** | **105,129** | **391,300** |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **28,386** | **85,145** | **-** | **300,624** | **-** | **414,155** |

*Maidir leis an mbliain roimhe*

| | Ríomhaire Trealamh € | Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh € | Láithreán Gréasáin Forbairt € | Oifig Feistiú € | Sócmhainní Faoi Forbairt € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | 88,391 | 121,649 | 333,442 | 419,049 | - | 962,531 |
| Breisiúcháin le linn na bliana | 6,407 | 3,215 | - | 13,532 | - | 23,154 |
| Diúscairtí le linn na bliana | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **94,798** | **124,864** | **333,442** | **432,581** | **-** | **985,685** |
| | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | 47,020 | 15,983 | 286,402 | 47,578 | - | 396,983 |
| Muirear don bhliain | 19,392 | 23,736 | 47,040 | 84,379 | - | 174,547 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **66,412** | **39,719** | **333,442** | **131,957** | **-** | **571,530** |
| | | | | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **28,386** | **85,145** | - | **300,624** | **-** | **414,155** |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | **41,371** | **105,666** | **47,040** | **371,471** | **-** | **565,548** |

## 7. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| Ioncam Fabhraithe | 677,941 | 662,533 |
| Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile | 23,210 | 27,428 |
| Cártaí Taistil / Rothar chuig an Obair | 750 | 58 |
| An Ciste Comhionannaithe Riosca | 487,966 | 365,514 |
| Féichiúnaithe Eile | 35,409 | 33,462 |
| | **1,225,276** | **1,088,995** |

## 8. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe | 335,697 | 313,063 |
| Soláthar pinsean **(Nóta 10)** | 2,439,533 | 2,396,268 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise | 1,788 | 2,247 |
| Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair | 5,594 | 5,986 |
| PAYE/PRSI | 32,150 | 46,540 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 17,770 | 23,938 |
| Cánachas Breisluacha | 21,339 | 290 |
| | **2,853,871** | **2,788,332** |

## 9.Gealltanais faoi Léasanna Oibriúcháin

Tá oifigí ar cíos ag an Údarás Árachas Sláinte i dTeach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 ar chostas €219,655 don mhaoin agus €8,920 do dhá spás páirceála do charranna. Rinne an tÚdarás léas 10 mbliana do na hoifigí i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Ag deireadh na bliana, tá na gealltanais bhliantúla seo a leanas ag an Údarás atá dlite mar seo a leanas:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| laistigh de 1 bhliain | 228,575 | 228,575 |
| Níos moille ná bliain ach laistigh de 5 bliana | 914,300 | 914,300 |
| Níos moille ná 5 bliana | 419,054 | 647,629 |
| | **1,561,929** | **1,790,504** |

## 10. Soláthar Pinsean

Oibríonn an tÚdarás dhá scéim pinsin; an Scéim Aoisliúntais d’Fhostaithe (d’fhostaithe roimh 2013) agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá gach fostaí nua don Údarás, ar iontrálaithe nua iad san Earnáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó dá éis ina mbaill den Scéim Aonair.

### *a) An Scéim Aoisliúntais d’Fhostaithe*

Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis (IR 637 de 2016) (“an Scéim”) an 21 Nollaig 2016 ina bhfuil na Rialacha atá leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin Chomhaltaí a bhí ann cheana féin do Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (IR Uimh. 582 de 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis nó ina leith, lena n-áirítear an Cláraitheoir, de réir mar is iomchuí.

Tá ranníocaíochtaí fostóra ag ráta 25% den phá inphinsin agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Coinnítear na ranníocaíochtaí carntha le haghaidh chuntas an Aire Sláinte.

Beidh teidlíochtaí sochair fostaithe mar fheidhm dá seirbhís leis an Údarás agus lena seirbhís roimhe seo sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is iomchuí. Ní mhaoinítear an tÚdarás i leith teidlíochtaí sochair den sórt sin. Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir le sochair iníoctha sna blianta amach anseo.

### *b) Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair*

Tá baill foirne Iontrála nua atá fostaithe ag an Údarás tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na foirne atá mar chuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig Seachadadh agus Athchóiriú NDP na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Seo a leanas an soláthar carntha pinsin ag deireadh na bliana:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Ag tús na tréimhse | 2,396,268 | 2,279,899 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe (asbhainte ó thuarastail) | 23,839 | 22,372 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra **(Nóta 4)** | 100,645 | 105,967 |
| Pinsin Íoctha | (81,219) | (11,970) |
| **Iomlán** | **2,439,533** | **2,396,268** |

In 2022: asbhaineadh €20,061 (2021: €17,887) ón bhfoireann i leith Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus aistríodh í chuig Seachadadh agus Athchóiriú NDP na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh €60,183 (2021: €53,661) i ranníocaíochtaí fostóra chuig DPER freisin.

Is é an dliteanas pinsin don scéim aoisliúntais fostaithe amhail an 31 Nollaig 2022 ná €2,600,000 (2021: €3,700,000). Ní léirítear dliteanas pinsin na scéimeanna seo sna ráitis airgeadais seo.

## 11. Gealltanais Chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais ann maidir le caiteachas caipitil amhail an 31 Nollaig 2022.

## 12. Nochtadh Páirtí Gaolmhar

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis iontu.

## 13. An Ciste Comhionannaithe Riosca

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, foráiltear do bhunú an Chiste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) ón 1 Eanáir 2013. Íocann árachóirí íocaíochtaí Dleachta Stampa le haghaidh beartas a thosaíonn nó a dhéantar a athnuachan ar an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead chuig an gCiste ina dhiaidh sin. Íocann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca, thar ceann na dtomhaltóirí, as an gCiste leis na gnóthais árachais sláinte. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh maidir leis an gCiste ar bhonn bliantúil. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a chothabháil.

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste. Ghearr an tÚdarás costais iomlána €487,966 (2021: €365,576) i leith an Chiste do 2022 mar a leanas:

| Cineál an chostais | Iomlán athghearrtha ar an gCiste | |
|---|---|---|
| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
| Tuarastal agus costais foirne | 196,339 | 208,278 |
| Cíos, táillí seirbhíse agus cothabháil | 55,555 | 57,478 |
| Costais ríomhaireachta agus pháipéarachais | 11,161 | 4,724 |
| Costais eile riaracháin | 48,772 | 49,264 |
| Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha | 311,827 | 319,744 |
| | | |
| Costais a ghearrtar go díreach ar an gCiste | 176,139 | 45,832 |
| | 487,966 | 365,576 |

Ní thugtar cuntas ar chostais a ghearrtar go díreach ar an gciste laistigh de chaiteachas HIA, agus mar sin, níl aon cheanglas ar HIA ioncam comhfhreagrach a bhaineann leis na costais seo a aithint.

## 14. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D’fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 27 Iúil 2023.

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste Comhionannaithe Riosca don bhliain 1 Eanáir 2022 go 31 Nollaig 2022

**Don Aire Sláinte**

De réir théarmaí an Achta Árachas Sláinte (arna leasú) 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste Comhionannaithe Riosca i láthair don tréimhse 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2022.

# Clár na nÁbhar


An Ráiteas maidir le Freagrachtaí ........ 66

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ........ 67

Ráitis Airgeadais ........ 69

# An Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Ceanglaítear le hAlt 11D(8) den Acht Árachais Sláinte, (arna leasú) (an 'tAcht') ar an Údarás Árachais Sláinte ("an tÚdarás") ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil leis an gCiste Comhionannaithe Riosca (an "Ciste"). . Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A shonrú cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a léiriú, agus an éifeacht agus an chúis le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta an Chiste, gur féidir ag aon tráth sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste a chinneadh le cruinneas réasúnta agus a chur ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 11D(8) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní an chiste a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An Ciste Comhionannaithe Riosca

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Comhionnaithe Riosca arna n-ullmhú ag an Údarás Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 11D (9) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1994 (arna leasú). Tá na Ráitis Airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugtar léargas fíor agus cothrom leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2022 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

***Bonn na Tuairime***

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte na ráitis airgeadais i láthair mar aon le faisnéis áirithe a bhaineann le hoibriú an Chiste. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil an Údaráis, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu go heisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

An 10 Lúnasa 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### *Freagrachtaí an Údaráis Árachas Sláinte*

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas freagrachtaí don Chiste, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as na nithe a leanas:

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 11 D (8) den Acht
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtachta
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

### *Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Éilítear orm faoi alt 11 D (9) den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaois nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tátal maidir le hoiriúnacht úsáid na cuntasaíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht an Chiste leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tátail de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ciste in ann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, agus nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.
- Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta de mo chuid.

Tuairiscím na nithe seo a leanas, trí eisceacht, más é mo thuairim é:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Leis an tuairim de mo chuid, ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím tátal dearbhaithe ar bith ina leith..

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithním má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tátal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíric sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

## Ráiteas ar Chaiteachas agus Ioncam agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2022 €’000 | 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2022 €’000 |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Ioncam** | | | |
| Dleacht stampa | 2 | 809,761 | 802,613 |
| Ioncam Infheistíochta | | 120 | |
| Ioncam Iomlán | | 809,881 | 802,613 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca | 3 | 614,388 | 645,398 |
| Creidmheas Úsáide Ospidéil | 4 | 174,085 | 127,637 |
| Ciste Éileamh Ardchostais | 5 | 23,225 | |
| Costais na foirne agus costais eile | 6 | 489 | 369 |
| Caiteachas Iomlán | | 812,187 | 773,404 |
| | | | |
| **Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas** | | (2,306) | 29,209 |
| | | | |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | | **(2,306)** | **29,209** |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag tús na bliana | | 115,307 | 86,098 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag deireadh na bliana | | 113,001 | 115,307 |

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Taiscí Gearrthéarmacha | 7 | 378,809 | 371,179 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | | 14,992 | 20 |
| Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile | 8 | 221,984 | 232,856 |
| | | 615,785 | 604,055 |
| **Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 9 | (428,584) | (445,032) |
| Soláthar i leith Ciste Éileamh Ardchostais | 11 | (21,200) | |
| **Soláthar i leith Creidmheas Úsáide Ospidéil** | 10 | (53,000) | (43,716) |
| | | (502,784) | (488,748) |
| **Glansócmhainní** | | **113,001** | **115,307** |
| **Ag léiriú** | | | |
| **Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | **113,001** | **115,307** |

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin ioncaim thar chaiteachas don bhliain | | (2,306) | 29,209 |
| Ús Bainc a Fuarthas | | (120) | |
| Laghdú / (Méadú) ar fhéichiúnaithe | 8 | 10,872 | (881) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 9&10&11 | 14,036 | 18,852 |
| **Glan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 22,482 | 47,180 |
| **Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús bainc a fuarthas | | 120 | |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | 120 | |
| **Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 22,602 | 47,180 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | | 371,199 | 324,019 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | 393,801 | 371,199 |
| | | | |
| Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 22,602 | 47,180 |

**Patricia Byron**
*Cathaoirleach*

**Caroline Barlow**
*Comhalta*

Dáta 2 Lúnasa 2023

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

### *Bunús an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS102"). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Chiste i láthair in Euro ("€'000") arb é airgeadra feidhmiúil an Chiste é freisin.

### *Faisnéis Ghinearálta*

Leis an Acht Árachais Sláinte 1994, arna leasú leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, tugadh isteach comhionannú riosca trína bhfaighidh gnóthais chláraithe creidmheasanna i ndáil le haicmí áirithe daoine árachaithe ionas nach mbaileoidh siad préimh iníoctha i leith soláthar árachais sláinte don duine aonair. Rinneadh foráil in Acht 2022 freisin do bhunadh an Chiste Comhionannaithe Riosca (Ciste).

Tá an tÚdarás freagrach as bunú, riarachán agus cothabháil an Chiste. Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú. Tá an tÚdarás freagrach as údarú agus faomhadh idirbhearta uile an Chiste. Tá sonraí maidir le córais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe an Údaráis leagtha amach sna Ráitis maidir le Rialuithe Inmheánacha agus maidir le Rialachas a nochtar i ráitis airgeadais an Údaráis.

Rinneadh foráil san Acht go n-íocfar isteach sa Chiste gach dleacht stampa a íocfar de bhua Alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 maidir le conarthaí árachais sláinte dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

### *Áirítear le híocaíochtaí amach as an gCiste:*

- Creidmheas Préimhe Comhionannaithe Riosca – Faoi S.6 A (1) de na hAchtanna Árachais Sláinte, ní théann an leibhéal riosca ó thomhaltóir áirithe ar ghnóthas cláraithe i bhfeidhm ar an bpréimh a íoctar. Gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine árachaithe le haghaidh plean áirithe, beag beann ar aois, inscne agus staid reatha a sláinte nó staid dhóchúil a sláinte sa todhchaí, faoi réir eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, lascainí do bhaill i scéimghrúpaí, daoine fásta óga agus ualaithe pobalrátaithe ar feadh an tsaoil. Déantar foráil sa Chiste go bhfaighidh gnóthais chláraithe préimheanna níos airde maidir le daoine scothaosta, agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil go ginearálta a árachú, agus go n-íocfar an méid níos airde mar chreidmheas préimhe comhionannaithe riosca ón gCiste. Athraíonn leibhéal riosca na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca atá iníoctha ón gCiste i leith préimheanna ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chumhdaigh.
- Creidmheas Úsáide Ospidéil – Faoi S.6 A (1) de na hAchtanna Árachais Sláinte, tá méid sonraithe iníoctha ón gCiste le haghaidh gach seal a chaitheann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh nó in ospidéal maoinithe go poiblí ina bhfuil muirear iníoctha faoi Alt 55 den Acht Árachais Sláinte 1970 maidir le seal den chineál sin.
- Creidmheas Ciste Éileamh Ardchostais (HCCP) – Faoi S.6 A (1) de na hAchtanna Árachas Sláinte, ciallaíonn sé an méid atá comhionann le sciar cuóta éileamh ardchostais iolraithe faoin méid a sháraíonn an t-éileamh ardchostais tairseach an éilimh ardchostais.

Bhí an Scéim Comhionannaithe Riosca 2016 le hathnuachan in 2020. Mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus an fhéidearthacht a bhí ann dul i bhfeidhm ar mhargadh an árachais sláinte phríobháidigh, chinn an Roinn Sláinte an scéim atá ann a shíneadh go dtí an 31 Márta 2022. Dheimhnigh an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2020 nach raibh sé ag cur in aghaidh an Scéim Comhionannaithe Riosca a fhadú go dtí an 31 Márta 2022. Tugadh isteach athruithe reachtacha áirithe le linn 2022 freisin.

Ar an 31 Márta 2022, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach síneadh agus modhnú na Scéime Comhionannaithe Riosca freisin.

D'fhormheas an Coimisiún Eorpach an RES nua ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Márta 2027 (téarma 4 bliana, 11 mhí, 30 lá gan an dáta deiridh a áireamh). Nuashonraíodh é freisin chun an Creidmheas Ciste Éileamh Ardchostais (HCCP) a chur san áireamh.

Faoi alt 7F(1) den Acht, ceanglaítear ar gach soláthraí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn ráiteas ar a bhrabúis agus a chaillteanais agus a chlár comhardaithe maidir lena ghnó árachas sláinte a sholáthar don Údarás. Níor chuir RES 2016 rialacha sonracha ar fáil maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta ba cheart a úsáid, seachas "caighdeáin chuntasaíochta cheadaithe" a úsáid.

Thug an Rialtas isteach Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994 (Ráitis Airgeadais a Ullmhú) 2022. Leagtar síos leis na Rialacháin seo na rialacha a bhaineann le ráitis airgeadais a thugtar don Údarás de bhun alt 7F(1) den Acht. Thug siad isteach rialacháin chuntasaíochta chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht maidir leis an gcaoi a thuairiscigh gnóthais brabúis agus caillteanais chun críocha ráitis airgeadais a mheasúnú le haghaidh róchúitimh.

Léiríonn na Cuntais seo cur i bhfeidhm fhorálacha an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2021, arna thacú ag an Scéim Comhionannaithe Riosca agus Rialacháin Ráitis Airgeadais 2022, nuair is infheidhme.

### *Tréimhse chuntasaíochta*

Baineann na ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

### *Ioncam*

Aithnítear ioncam ó Dhleacht Stampa sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais ábhartha, a nglactar leis gur dhá mhí dhéag é i ngach cás. Íocann gnóthais chláraithe dleacht stampa ar pholasaithe a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampa isteach sa Chiste ansin. Déantar fáltais an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Dleacht stampa fabhraithe arb ionann é agus dleacht stampa gan íoc atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana agus a léiríonn méideanna atá iníoctha ag gnóthais chláraithe i ndáil leis an ráithe dheiridh den bhliain airgeadais. Taifeadtar an méid sin mar fhéichiúnaí maidir leis an gCiste.
- Is ionann dleacht stampa iarchurtha agus an cion measta den dleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a bhí fabhraithe ag deireadh na bliana a bhaineann le téarma neamheágtha na gconarthaí árachais ábhartha ar an dáta tuairiscithe. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampa neamhthuillte ag an dáta tuairiscithe (féach Nóta 9 – Creidiúnaithe agus Fabhruithe).

### *Aitheantas Caiteachais*

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir mar a thabhaítear é.

### *Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Rioscat*

Tugtar cuntas ar chreidmheas préimhe comhionannaithe riosca ar bhonn fabhraithe. Éilíonn gnóthais chláraithe creidmheas préimhe comhionannaithe riosca ón gCiste ar bhonn míosúil.

Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Suimeanna arna n-éileamh agus atá iníoctha le gnóthais chláraithe nár íocadh ar an dáta tuairiscithe.
- Creidmheas préimhe comhionannaithe riosca neamhchaite – íocann formhór na ndaoine aonair polasaithe árachais trí thráthchodanna míosúla nó go bliantúil roimh ré. Cláraítear costais ar chreidmheasanna a éilítear maidir le tráthchodanna míosúla sa mhí lena mbaineann an t-éileamh mar chaiteachas. Déantar creidmheasanna a éilítear ar pholasaithe a íoctar ar bhonn bliantúil roimh ré a chlárú mar chaiteachas go haonfhoirmeach thar dhá mhí dhéag den chonradh. Ag an dáta tuairiscithe aithnítear aon suimeanna a íocadh le gnóthais chláraithe nár cláraíodh mar chaiteachas mar fhéichiúnaí (Féach **Nóta 8** – Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile).

### *Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta*

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcionn ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus do dhliteanais ar an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Ciallaíonn cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na fíorthorthaí a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Ba cheart go mbeadh leibhéal na gcúlchistí i ndáil le héilimh amach anseo a chuimsítear sna ráitis airgeadais chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr agus ba cheart gur leor é i gcónaí chun aon dliteanais a thiocfadh chun cinn i leith eipeasóidí ospidéil atá fós le héileamh a chlúdach chomh fada agus is féidir a thuar le réasún. Ríomhtar an soláthar creidmheasa um úsáid ospidéil bunaithe ar chomhairle achtúireach neamhspleách trí úsáid a bhaint as roinnt teicnící achtúireacha a nglactar leo go ginearálta chun teacht ar an meastachán lárnach agus ar réimse meastachán réasúnta. Tá an soláthar a thaifeadtar sna ráitis airgeadais chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr a fuarthas ag baint úsáid as modhanna achtúireacha a nglactar go ginearálta leo móide lamháil éiginnteachta 10%. Tá an lamháil neamhchinnteachta 10% bunaithe ar leibhéal na héiginnteachta sa soláthar agus na héiginnteachtaí i dtimpeallacht na n-éileamh.

### *Creidmheas Úsáide Ospidéil*

Tugtar cuntas ar chreidmheas úsáide ospidéil ar bhonn fabhraithe. Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Suimeanna arna n-éileamh ag na gnóthais chláraithe agus atá iníoctha leo nár íocadh ar an dáta tuairiscithe.
- Soláthar i leith creidmheas úsáide ospidéil a thugann chun cinn i leith eipeasóidí ospidéil a tharla sa bhliain airgeadais ach nach raibh éilithe ag gnóthais chláraithe ag deireadh na bliana.
- Glactar leis sa soláthar go bhfuil líon na n-oícheanta agus na laethanta i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn cur san ospidéal go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. Féadfaidh an tréimhse socraithe le haghaidh éilimh ospidéil a bheith an-éagsúil. D'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin go ndéanfadh gnóthais chláraithe éileamh ar chreidmheas úsáide ospidéil bliain nó níos mó i ndiaidh eipeasóid ospidéil.
- Coigeartú maidir le haon tearcsholáthar nó rósholáthar i leith creidmheasanna neamhéilithe i leith blianta airgeadais roimhe sin atá fós gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

### *Ciste Éileamh Ardchostais*

Tugtar cuntas ar an gCiste Éileamh Ardchostais, atá nua in 2022, ar bhonn fabhraithe. Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Suimeanna arna n-éileamh ag na gnóthais chláraithe agus atá iníoctha leo nár íocadh ar an dáta tuairiscithe.
- Foráil d'éilimh ardchostais a eascraíonn as éilimh ardchostais a tharla sa bhliain airgeadais ach nach raibh éilithe ag gnóthais chláraithe ag deireadh na bliana. Glactar leis san fhoráil go bhfuil éilimh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn cur san ospidéal go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. D'fhéadfadh an tréimhse socraithe le haghaidh éileamh ardchostais a bheith an-éagsúil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh gnóthais chláraithe éileamh a dhéanamh ar éileamh ardchostais bliain nó níos mó i ndiaidh imeacht ospidéil.
- Coigeartú maidir le haon tearcsholáthar nó rósholáthar i leith creidmheasanna neamhéilithe i leith blianta airgeadais roimhe sin atá fós gan íoc ar an dáta tuairiscithe.

## 2. Ioncam

Íocann gnóthais chláraithe íocaíochtaí dleachta stampa le haghaidh polasaithe a thosaíonn nó a dhéantar iad a athnuachan ar an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead chuig an gCiste ina dhiaidh sin.

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íoctar an dleacht stampa isteach sa Chiste | 800,952 | 808,999 |
| Gluaiseacht infhaighte dleachta stampa sa bhliain | (9,431) | 3,960 |
| Gluaiseacht dleachta stampála iarchurtha sa bhliain | 18,240 | (10,346) |
| | 809,761 | 802,613 |

## 3. Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí arna ndéanamh le gnóthais chláraithe | 616,445 | 643,479 |
| Creidmheas préimhe comhionannaithe riosca iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláraithe sa bhliain | (3,499) | (1,160) |
| Creidmheas préimhe comhionannaithe riosca nár cláraíodh mar chaiteachas gluaiseacht sa bhliain | 1,442 | 3,079 |
| | 614,388 | 645,398 |

## 4. Creidmheas Úsáide Ospidéil

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí déanta le gnóthais chláraithe | 161,397 | 117,983 |
| Creidmheas úsáide ospidéil iníoctha le gluaiseachta sa bhliain gnóthas cláraithe | 3,404 | 5,122 |
| Gluaiseacht soláthair i leith creidmheas úsáide ospidéil sa bhliain | 9,284 | 4,532 |
| | 174,085 | 127,637 |

## 5. Ciste Éileamh Ardchostais

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí déanta le gnóthais chláraithe | 260 | |
| Éilimh Ardchostais iníoctha le gluaiseacht sa bhliain gnóthas cláraithe | 1,765 | |
| Gluaiseacht soláthair Éileamh Ardchostais sa bhliain | 21,200 | |
| | 23,225 | |

## 6. Costais na Foirne agus Costais eile

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais athghearrtha an Údaráis Árachais Sláinte** | | |
| Tuarastail agus costais foirne | 186 | 196 |
| Costais oiliúna | 3 | 5 |
| Táillí Stiúrthóirí | 7 | 7 |
| Cíos, táille sheirbhíse agus cothabháil | 56 | 54 |
| Árachas | 6 | 4 |
| Ríomhaireacht agus páipéarachas | 11 | 5 |
| Costais eile riaracháin | 19 | 16 |
| Dímheas | 24 | 33 |
| | **312** | **320** |
| **Costais a ghearrtar go díreach ar an gCiste:** | | |
| Iniúchadh | 9 | 9 |
| Cuntasaíocht | 16 | 14 |
| Achtúireacht | 126 | 20 |
| Dlíthiúil | 4 | |
| Comhairleacht Eacnamaíochta | 18 | |
| Árachas | 3 | 3 |
| | **176** | **46** |
| **Costais arna dtabhú go díreach ag an gCiste:** | | |
| Muirir bhainc | 1 | 3 |
| | **489** | **369** |

## 7. Taiscí Gearrthéarmacha

Cuimsítear i dtaiscí gearrthéarmacha infheistíochtaí i nótaí státchiste arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Is nótaí gearrthéarmacha úsmhara iad nótaí Státchiste. Is féidir ioncam barrachais, caipiteal nó sochar eile a gheofar nach bhfuil ag teastáil láithreach chun críocha an Chiste a infheistiú i nótaí státchiste. Fuarthas €119,970 in ús le linn na tréimhse (2021: €Nialas).

## 8. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Creidmheas préimhe comhionannaithe riosca nár cláraíodh mar chaiteachas | 53,983 | 55,424 |
| Dleacht stampa fabhraithe | 168,001 | 177,432 |
| | **221,984** | **232,856** |

## 9. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Dleacht Stampa Iarchurtha | 300,623 | 318,863 |
| Creidmheasanna préimhe comhionannaithe riosca iníoctha | 97,246 | 100,745 |
| Creidmheas úsáide ospidéil iníoctha | 28,462 | 25,058 |
| Ciste Éileamh Ardchostais Iníoctha | 1,765 | |
| An tÚdarás Árachas Sláinte | 488 | 366 |
| | **428,584** | **445,032** |

## 10.Soláthar i leith Creidmheas Úsáide Ospidéil

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 43,716 | 39,184 |
| A tháinig chun cinn le linn na bliana | 174,085 | 127,637 |
| Arna úsáid le linn na bliana | (164,801) | (123,105) |
| **Ag deireadh na bliana** | **53,000** | **43,716** |

## 11. Ciste Éileamh Ardchostais Iníoctha

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | | |
| A tháinig chun cinn le linn na bliana | 23,225 | |
| Arna úsáid le linn na bliana | (2,025) | |
| **Ag deireadh na bliana** | **21,200** | |

## 12. Staid Airgeadais na Scéime Comhionannaithe Riosca

De réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, b'ionann na cúlchistí coinnithe agus €113m (2021: €115.31m). Cuirtear aon bharrachas nó easnamh a tháinig chun cinn as tréimhsí conartha san am atá caite agus as tréimhsí conartha reatha san áireamh agus moltaí á ndéanamh don Aire maidir le creidmheasanna comhionannaithe riosca agus dleacht stampa.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €394m sa Chiste (2021:€371m).

## 13. Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag Seachadadh agus Athchóiriú NPD na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Chiste a raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis iontu.

## 14. Imeachtaí Tar Éis na Tréimhse Tuairiscithe

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2022 ar an 21 Nollaig 2022 (Acht Leasaitheach 2022). Chuir Alt 8 den Acht Leasaitheach 2022 tús le hailt 1, 4, 5, 7 agus 8 an 1 Eanáir 2023 agus le hailt 2, 3 agus 6 an 1 Aibreán 2023. Déanfaidh forálacha an leasaithe seo ar an Acht Árachais Sláinte foráil maidir le hoifigigh údaraithe a cheapadh, tuairisc a thabhairt ar úsáid cumhachtaí forghníomhaithe, cumhachtaí oifigigh údaraithe a leathnú chun déileáil le gnóthais neamhchláraithe nó chun a cheangal ar dhuine a chreidtear go ndearna sé nó sí cion a ainm/a hainm agus a sheoladh/a seoladh a sholáthar.

Ní raibh na forálacha seo i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## 15. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 27 Iúil 2023.

An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

**An tÚdarás Árachas Sláinte,**
Teach Beaux Lane
Sráid Mercer Íochtarach
D02 DH60

T: (01) 406 0080
E: info@hia.ie
Suíomh Gréasáin: www.hia.ie